Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
National Library of Ireland

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2023





LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2023

Foilsithe ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath

© Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2023

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Éire
Teileafón: +353 1 603 0200
Ríomhphost: info@nli.ie
Suíomh gréasáin: www.nli.ie

Íomhá Chlúdaigh: Seomra Léitheoireachta Lámhscríbhinní, Myles Shelly

# Ábhar

| | |
|---|---|
| Nóta an Chathaoirligh | 2 |
| Réamhfhocal an Stiúrthóra | 3 |
| Spléachadh ar 2023 | 4 |
| Bailigh | 6 |
| Cosain | 10 |
| Nocht | 12 |
| Meall | 16 |
| Nuáil | 24 |
| Ráitis Airgeadais 2023 | 33 |

# Nóta an Chathaoirligh

I rith na bliana gnóthaí 2023, rinne Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) dul chun cinn suntasach faoi gach ceann dá cúig cholún straitéiseacha—bailigh, cosain, nocht, meall agus nuáil.

Cúis áthais ar leith dúinn ba ea an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le Clár Forbartha Caipitil NLI. Osclaíodh an Seomra Léitheoireachta Lámhscríbhinní agus an Seomra Ealaíne i ndiaidh oibreacha athchóirithe. Taisceadh iarratas pleanála d'fhorbairt an Sciatháin Thiar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2023 agus fuarthas cead i mí Eanáir 2024. Nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích, soláthróidh an fhorbairt i bhfad níos mó spáis phoiblí agus cuirfidh sí go mór le tairiscint NLI.

Chun ár dtiomantas dár gcumarsáid ar ardáin éagsúla a neartú, sheol NLI suíomh gréasáin a bhí athdheartha go hiomlán, www.nli.ie. Tá níos mó bealaí le fáil ar an suíomh gréasáin duaisbhuaiteach sin chun daoine a spreagadh agus tá an méid ar fad atá le tairiscint ag NLI le fáil ann freisin.


Chuir míreanna tábhachtacha faighte go mór leis an mbailiúchán. Buaicphointe ba ea *Bailiúchán Bonar Law* a fháil ina bhfuil 10,000 léarscáil agus thart ar 9,000 prionta, an taifead amhairc is cuimsithí d'Éirinn atá le fáil. Bhí NLI in ann an bailiúchán sin a cheannach trí úsáid a bhaint as cistí speisialta a leithdháil an tAire Catherine Martin TD, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Faoi chomhaontú iasachta, tá an bailiúchán á choinneáil i Leabharlann Boole, i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

I measc na réimsí suntasacha ar díríodh orthu anuraidh bhí an comóradh céad bliain ó bronnadh Duais Nobel na Litríochta ar WB Yeats.

Ghlac NLI páirt in dhá chomhshaothar shuntasacha—sraith léachtaí curtha ar fáil ina rabhamar ag obair mar chomhpháirtí le Cumann Yeats, le tacaíocht mhaoinithe ón Roinn, agus comhshaothar leis an Seanad chun machnamh a dhéanamh ar éachtaí liteartha agus polaitiúla Yeats trí shraith léamha dá shaothar filíochta agus de na hóráidí a thug sé sa Seanad. Éacht eile ba ea Beartas um Chaomhnú Digiteach NLI a bhfuiltear díreach tar éis glacadh leis, arb ionann é agus tagarmharc náisiúnta do chultúr digiteach na hÉireann.

Ar son an Bhoird, agus ar mo shon féin freisin, is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Catherine Martin agus lena hoifigigh as a dtacaíocht luachmhar. Tá buíochas le gabháil le hOifig na nOibreacha Poiblí freisin, atá ag obair go leanúnach chun cabhrú le dlús a chur leis an gClár Forbartha Caipitil agus chun a chinntiú go bhfuil ár saoráidí ar ardchaighdeán.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Maeve Conrick, leis an Dr Conor Kostick agus le Jennifer Taaffe, a d'éirigh as a gcúraimí in 2023 i ndiaidh ocht mbliana a chaitheamh ag obair go díograiseach, thar dhá théarma, mar Bhaill de Bhord NLI. Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil leis an Stiúrthóir, an Dr Audrey Whitty agus lena foireann as an obair mhór atá déanta acu i rith na bliana.



Eoin McVey





# Réamhfhocal an Stiúrthóra

Bhí mo chéad bhliain mar Stiúrthóir gnóthach agus speisialta. Tá eolas maidir le cuid de na buaicphointí le fáil sa tuarascáil seo. Tá bailiúcháin uathúla Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) ag croílár ár gcuid oibre ar fad agus tá siad inrochtana do chách. Taifeadann siad cuimhne na hÉireann, agus tugann siad deis dúinn scéalta na hÉireann a roinnt leis an domhan.

Buaicphointe de 2023 ba ea an bronntanas cartlainne ó One Family, Cherish roimhe seo. Is é One Family eagraíocht náisiúnta na hÉireann do theaghlaigh aontuismitheora. Ag dul siar chomh fada le bunú Cherish ag tús na 1970idí go dtí tús na 2000idí, tugtar léargas fairsing sa chartlann ar eispéiris agus ar dhúshláin teaghlach aontuismitheora i rith an ama sin. Tá a leithéid sin de bhronntanais riachtanach chun déileáil le bearnaí criticiúla inár mbailiúcháin náisiúnta.

Chomh maith leis sin, leanamar ar aghaidh le saol na hÉireann a thaifeadadh ar líne trí ghréasán na hÉireann a chartlannú. In 2023, chuireamar 6.15 TB de shonraí le Cartlann Ghréasáin Roghnach NLI.

I rith 2023, d'fháiltíomar roimh chuairteoirí chuig ár bhfoirgnimh chun taighde a dhéanamh inár seomraí léitheoireachta agus chun freastal ar thaibhithe, ar léachtaí, ar dhíospóireachtaí painéil agus ar thurais.

Oibríonn NLI le comhpháirtithe chun níos mó a bhaint amach i dteannta a chéile ná mar a d'fhéadfaimis a bhaint amach inár n-aonar. Tionscnamh suntasach i mbliana ba ea seoladh an chéad dámhachtain don ghrianghrafadóir cónaithe, comhshaothar idir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus NLI.

Ceadaíonn an chónaitheacht seo do ghrianghrafadóir oibriú go cruthaitheach lenár mbailiúcháin agus saothar digiteach bunaidh a chruthú, a chuimseofar i mbailiúcháin fhótagrafacha NLI. Tá ról ríthábhachtach ag comhoibriú le hinstitiúidí seachtracha i ndáil le misean NLI, chun dlús a chur le nuálaíocht agus chun dul i bhfeidhm ar phobal níos mó.

Nuair a smaoiním siar ar an mbliain atá caite, tá mé fíorbhródúil as an méid atá bainte amach againn. Cúis dóchais dom na féidearthachtaí atá ann ó tharla go bhfuil spás an Sciatháin Thiar á fhorbairt againn mar aon le taispeántais agus le comhpháirtíochtaí nua, agus an obair leanúnach a bhfuil sé mar aidhm léi aire a thabhairt do na bailiúcháin náisiúnta agus cur leo. Is onóir é an institiúid bhríomhar seo a stiúradh, institiúid a bhfuil ról ríthábhachtach aici i saol cultúrtha ár náisiúin.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d'fhlaithiúlacht ár mbronntóirí éagsúla a chabhraíonn linn na bailiúcháin náisiúnta a shaibhriú.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, leis an mBord agus le mo chomhghleacaithe ar fhoireann NLI as a ngairmiúlacht agus as a dtiomantas leanúnach i rith na bliana.



An Dr Audrey Whitty



# Spléachadh ar 2023

## BAILIÚ + CATALÓGÚ

**6.15**
Teiribheart de shonraí ó shuíomhanna gréasáin Éireannacha bailithe

### MÍR DIGITITHE I mBLIANA

7,000
Mír digitithe curtha leis an gcatalóg ar líne

7,336
Nuachtán
+
3,032
Sraithfhoilseacháin faighte

### LÍON IOMLÁN NA MÍREANNA DIGITITHE

167,000
Mír digitithe ar fáil ar líne anois

3,995
Leabhar faighte

14,000
Taifead curtha lenár mbailiúcháin

95%
Catalógaíodh 95% de na bailiúcháin fhoilsithe a fuarthas in 2023

85%
Catalógaíodh 85% de na bailiúcháin speisialta a fuarthas in 2023

## CUAIRTEOIRÍ + RANNPHÁIRTÍOCHT

### TAIGHDEOIRÍ AR AN LÁTHAIR

19,918

- An Príomhsheomra Léitheoireachta
- Seomra Léitheoireachta Lámhscríbhinní
- An Seomra Staire Teaghlaigh

### CUAIRTEOIRÍ AR AN LÁTHAIR AR THAISPEÁNTAIS

141,003
(Níl figiúirí a bhaineann le MoLI san áireamh)

### RANNPHÁIRTÍOCHT AR LÍNE

**1**
Suíomh gréasáin nua seolta

Amhairc ar shuíomh gréasáin NLI: **927,104****
Amhairc Flickr: **7,004,698**

**Laghdú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar aistriú idir soláthraithe anailísíochta i Márta 2023

### LEANTÓIRÍ MEÁN SÓISIALTA

Facebook: 35,531
X: 49,287
Instagram: 26,598
LinkedIn: 2,976

10.3%
Fás ar na hardáin

## COMHOIBRIÚ + TIONSCNAIMH

Coigilt fuinnimh
52.7%
I gcomparáid le bonnlíne 2009, arna tuairisciú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ)

51
Tionscadal comhoibríoch

# Bailigh

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) leabharlann taifid na hÉireann. Tugaimid aire do bhreis is dhá mhilliún déag mír, lena n-áirítear leabhair, nuachtáin, grianghraif, léarscáileanna, ábhar gearrshaolach, líníochtaí, lámhscríbhinní agus ábhar digiteach.

Tá an bailiúchán náisiúnta ag fás i gcónaí trí mheascán d'ábhair cheannaithe agus de bhronntanais agus trínár dtaisclann dlí fhairsing.

Tá ról lárnach ag forbairt bhailiúcháin NLI inár gcuid oibre. I rith 2023, leanamar ar aghaidh leis na bailiúcháin sin a fheabhsú trí bhronntanais agus trí mhíreanna a fháil. I measc na míreanna suntasacha atá faighte tá:

- Cartlann an mhaisitheora Mheiriceánaigh, Margaret Anne Suggs, ina bhfuil a léaráidí ó shraith leabhar Kathleen Watkins, *Pigín of Howth*.
- Saothar ealaíne le Chris Judge, maisitheoir agus údar duaisbhuaiteach de bhunadh Bhaile Átha Cliath a bhain cáil amach do shaothair cosúil leis an tsraith *The Lonely Beast*, *TiN* agus *Brilliant*.
- Páipéir an scríbhneora Éireannaigh nach maireann, Val Mulkerns (1925–2018), ina bhfuil dréachtaí óna húrscéalta agus gearrscéalta ardmholta.

I measc na míreanna a cuireadh lenár mbailiúchán ina bhfuil breis is cúig mhilliún grianghraf le déanaí tá:

- *Bailiúchán Marnell-Dunne* (1830-2022): Cuntas ar theaghlach Marnell agus Dunne ó na tionóntáin i mBaile Átha Cliath go dtí Béal Feirste, lena n-áirítear an tseirbhís a thug siad i rith Chogadh Domhanda I.
- *Bailiúchán Veronica Rowe* (1882-1916): Tiomsaithe ag Florence Vere O'Brien ina dtugtar léargas ar a cuid oibre san earnáil cúraim sláinte agus a cuid lásadóireachta i gContae an Chláir.
- *Bailiúchán Owen Kiernan* (1850-1900): Úsáidte ag Owen Kiernan fad is a bhí léachtaí á dtabhairt aige ar fud na Ríochta Aontaithe chun tacú le náisiúnachas Éireannach.
- *Bailiúchán Bluett* (ré na pictiúrlainne ciúine go dtí na 2020idí): Tiomsaithe ag Liam Bluett, bailiúchán ina bhfuil breis is 520 grianghraf sínithe.

Treisíodh ár dtiomantas chun gach gné de shaol na hÉireann a dhoiciméadú tuilleadh i mbliana nuair a fuaireamar cartlann One Family, eagraíocht náisiúnta na hÉireann do theaghlaigh aontuismitheora, ar ar tugadh Cherish roimhe seo.





Imeacht bronnta Liam Bluett




Imeacht bronnta One Family / Cherish

Ó thráth a bhunaithe ag tús na 1970idí go dtí tús na 2000idí, tá léargas le fáil sa chartlann seo ar shaol agus ar na dúshláin a bhí le sárú ag teaghlaigh aontuismitheora i rith na mblianta sin. Lena chois sin, fuaireamar cartlann phearsanta an tacadóra LADTA+ agus an fheachtasóra ceartais shóisialta, Michael Barron. Tá léargas le fáil ina pháipéir ar an obair mhór a rinne sé le BeLonG To, eagraíocht atá ag tacú le daoine óga LADTA+, agus le EQUATE, a thacaíonn le cearta leanaí.

I dtreo dheireadh na bliana, ba chúis áthais dúinn *Bailiúchán Bonar Law* a fháil ina bhfuil léarscáileanna éagsúla, priontaí topagrafacha agus cartúin pholaitiúla. Fuarthas an chartlann sin trí mhaoiniú speisialta a chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fáil. Faoi chomhaontú iasachta, tá an bailiúchán á choinneáil i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Lena chois sin, fuaireamar cartlann foilsitheoireachta O'Brien Press, ina bhfuil na mílte míreanna lena n-áirítear lámhscríbhinní agus céadeagráin de theidil O'Brien Press agus saothar ealaíne bunaidh, a bhaineann leis an tréimhse idir 1974 agus 2023.

I measc na míreanna suntasacha a fuarthas do na bailiúcháin fhoilsithe bhí eagráin theoranta de leabhair le John Millington Synge, a bhain leis an tréimhse idir 1909 agus 1910, a priontáladh do John Quinn, pátrún litríochta agus na n-ealaíon. Chomh maith leis sin, fuaireamar leabharlann theaghlach La Touche, ina bhfuil 170 leabhar neamhchoitianta a bhaineann leis an 18ú agus 19ú haois, a bhaineann le stair, reiligiún, geografaíocht agus litríocht. Thug Kingsmill Bond an t-ábhar seo dúinn mar bhronntanas flaithiúil.

Ba chúis áthais dúinn bronntanas de litríocht Úcránach a fháil ó Ambasáid na hÚcráine in Éirinn. Ina theannta sin, bhronn Litríocht Éireann bailiúchán teideal le húdair Éireannacha atá aistrithe go hÚcráinis ar an Leabharlann Náisiúnta. Ag feidhmiú ón mbliain 1995, tá aistriú breis is 2,000 saothar de litríocht Éireannach go dtí 56 teanga maoinithe ag Litríocht Éireann. Cuireann na saothair aistrithe sin go mór le bailiúcháin NLI.

## Bailiúcháin Dhigiteacha

Tá níos mó malairte faisnéise ag tarlú i bhfoirm dhigiteach. Cosúil lenár gcomhghleacaithe ar fud an domhain, tá NLI ag dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann leis an ábhar digiteach a bhailiú, a chaomhnú agus rochtain air a chur ar fáil. Tá ábhar digiteach agus suíomhanna gréasáin á gcaomhnú go gníomhach againn ó thús na 2010idí.

I mbliana, rinneadh obair ar ábhar digiteach a bhailiú ina scrúdaítear paindéim COVID-19, comhionannas inscne agus réimsí lena mbaineann spéis chultúrtha cosúil le scannán, ceol agus spóirt

# Míreanna Faighte in 2023

**7,336**
**Nuachtán**

**+**

**3,032**
**Sraithfhoilseacháin**

**3,995**
**Leabhar faighte**

**6.15**
**Teiribheart de shuíomhanna gréasáin Éireannacha bailithe agus caomhnaithe**

**228**
**Níos mó ná 228 mír faighte do Bhailiúcháin Speisialta***

*Cuimsítear anseo míreanna aonair agus bailiúcháin






Imeacht bronnta na hÚcráine




Bronntanas ó O'Brien Press

# Cosain

Is príomhfheidhm de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) é aire a thabhairt do bhailiúcháin. Éilíonn an obair sin raon gníomhartha caomhnaithe speisialta agus cóireáil chaomhnaithe a sholáthraíonn stóráil bhailiúcháin oiriúnach don fheidhm agus caomhnú digiteach, slándáil agus pleanáil athshlánaithe ó thubaiste. Tá na tascanna ríthábhachtacha sin mar bhonn leis an obair go léir a dhéanaimid agus cinntíonn siad go bhfuil na bailiúcháin náisiúnta á gcoinneáil sábháilte agus inrochtana againn d'úsáideoirí an lae inniu ann agus do na glúnta amach romhainn.

## Caomhnú

In 2023, bhí ról lárnach ag an Rannóg Caomhnaithe sna bailiúcháin náisiúnta a chaomhnú. Chóireáil an fhoireann míreanna éagsúla, lena n-áirítear lámhscríbhinní agus saothair ealaíne thríthoiseacha, ar mhaithe lena gcaomhnú agus lena n-inrochtaineacht a chinntiú.

Sheiceáil an fhoireann an bhail a bhí ar na míreanna ar fad a bhí roghnaithe le digitiú agus dheisigh sí iad, rinneadh measúnuithe caomhnaithe ar bhailiúcháin mhóra sheachtracha cosúil le *Bailiúchán Bonar Law*, agus cuireadh chun feidhme seiceálacha d'ábhair úsáidte inár seomraí léitheoireachta. Tugadh tús áite do chúrsaí oiliúna d'fhoireann na mBailiúchán Speisialta mar aon le céimeanna praiticiúla cosúil le feabhsuithe ar bhoscaí agus ar stóráil chartlainne.

Lena chois sin, d'ullmhaigh an fhoireann ábhair do thaispeántais agus iasachtaí d'institiúidí éagsúla, lena n-áirítear Músaem Charraig Fhearghais agus Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Chomh maith leis sin, ghlac an fhoireann caomhnaithe páirt i gcomhdhálacha tábhachtacha, d'oibrigh siad ar choistí tábhachtacha, agus ghlac siad páirt i gclár faisnéise RTÉ dar teideal *Ireland's Hidden Treasures*.

## An Beartas um Chaomhnú Digiteach

I mí na Samhna, d'fhoilsíomar ár gcéad Bheartas um Chaomhnú Digiteach, arb ionann é agus bealach chun beartais atá bunaithe cheana féin agus atá á bhforbairt in NLI a chur ar fáil ar bhonn foirmiúil. Is aitheantas tábhachtach é an beartas sin ar an ngá atá lenár gcumas caomhnaithe dhigitigh a fheabhsú go leanúnach chun a chinntiú go bhfuil rochtain leanúnach ag daoine ar ár mbailiúcháin atá digitithe agus digitghinte. Ina measc sin tá dhá bhliain déag de bhailiúcháin cartlainne gréasáin digitghinte ina ndoiciméadaítear saol ar líne na hÉireann.

Ainneoin gur athraíodh na formáidí ó bunaíodh NLI sa bhliain 1877, is é ár misean cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a roinnt. Le breis is scór blianta de chruthú ábhair digitithe, tá NLI anois ag tairiscint rochtain ar 167,000 mír trína catalóg ar líne.





Ball de Rannóg Caomhnaithe NLI




Beartas um Chaomhnú Digiteach 2023

# Nocht

Tá scéal na hÉireann á nochtadh ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) le beagnach 150 bliain. Tá seirbhísí um stair theaghlaigh agus spásanna taighde á gcur ar fáil againn do Bhailiúcháin Fhoilsithe agus Speisialta. Chomh maith leis sin, tá obair á déanamh againn lasmuigh dár bhfoirgnimh fhisiciúla, de bhrí go gcuireann catalógú agus rochtain dhigiteach ár mbailiúcháin ar fáil do líon úsáideoirí gan fasach. Is é catalógú ceann dár bpríomhfheidhmeanna, bealach chun infheictheacht stoc NLI a chinntiú ar fud an domhain, agus ceadaíonn digitiú d'úsáideoirí rochtain a fháil ar ábhair as áit ar bith.

| | |
|---|---|
| Mír digitithe in 2023 | **7,000** |
| Taifead curtha lenár mbailiúcháin in 2023 | **14,000** |

## Buaicphointí Digitithe

Mar thoradh ar ár gclár digitithe cuireadh breis is 7,000 mír, lena n-áirítear leabhair, grianghraif agus lámhscríbhinní, ar fáil in 2023. I mbliana, bhí béim ar leith á leagan ar imleabhair cheangailte ó *Bhailiúchán Lámhscríbhinní na hOifige Ginealais* agus ó *Pháipéir Chill Mhaighneann* a dhigitiú.


## An Clár Tógála

Is é ár dTionscadal Forbartha Caipitil ilbhliantúil, 'Athshamhlú na Leabharlainne Náisiúnta', an tionscadal is uaillmhianaí againn ó d'osclaíomar ár ndoirse in 1890. Rinneamar dul chun cinn suntasach ar an tionscadal sin in 2023.


I gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí (ONP) agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, osclaíodh dhá spás phoiblí nua don phobal i mí Meithimh. Tá an Seomra Léitheoireachta Lámhscríbhinní agus an Seomra Ealaíne athchóirithe agus tá athearraíocht á baint astu ar bhealach inbhuanaithe, fianaise ar dhul chun cinn suntasach chomh fada is a bhaineann le hathfhorbairt leanúnach mhórscála NLI. Cuireadh tús le hoibreacha chun léachtlann atá go hiomlán inrochtana a chur ar fáil.

Taisceadh iarratas pleanála d'oibreacha athchóirithe agus síneadh nua ar an Sciathán Thiar de NLI le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn i mí Mheán Fómhair 2023. San áireamh san fhorbairt bheartaithe beidh caomhnú, athchóiriú agus oiriúnú an Sciatháin Thiar den fhoirgneamh chun spás cultúrtha a mbeidh rochtain ag an bpobal air a chur ar fáil. Cuirfear síneadh nua ar fáil sa chlós cúil agus déanfar oibreacha athchóirithe ar an Sciathán Thiar den phríomhfhoirgneamh ar shé urlár chun rochtain do chách a thabhairt ar na gailearaithe taispeántais agus ar na spásanna imeachta nua, ionad foghlama saincheaptha, caifé, spás miondíola agus saoráidí poiblí breise.





*Páipéir Chill Mhaighneann* a ndigitiú



Seomra Léitheoireachta Lámhscríbhinní Nua

Roimhe seo bhíodh an Sciathán Thiar in úsáid chun leabhair a stóráil. Beidh an tionscadal athchóirithe dírithe ar inbhuanaitheacht agus ar íogaireacht d'oidhreacht ailtireachta ré Victeoiriach an fhoirgnimh.

Le tacaíocht ón Aire Martin agus óna Roinn, is athfhorbairt ó bhun a bheidh sa tionscadal sin i gcás NLI, agus feabhsóidh sé ár bhfoirgneamh stairiúil d'úsáidí nua suntasacha a mbeidh gach duine in ann taitneamh a bhaint astu.

## An Clár Scoláireachtaí

Gach bliain, tairgeann NLI líon teoranta scoláireachtaí agus intéirneachtaí d'iarrthóirí oiriúnacha. Ó bunaíodh é in 1999, chomhoibrigh foireann an chláir le comhlachtaí agus le heagraíochtaí éagsúla. I measc na bpríomh-chomhpháirtithe tá Scoil Leabharlainne agus Staidéar Faisnéise UCD, Scoil na Staire UCD, Coiste Eolaíochtaí Stairiúla na hÉireann, agus an Chomhairle Oidhreachta.




An tAire Catherine Martin i dteannta le hEoghan Ó Carragáin ag seoladh an tSeomra Ealaíne





Togra coincheapa an spáis taispeántais. Creidiúint as an íomhá: Toisí Digiteacha



Togra coincheapa an spáis miondíola. Creidiúint as an íomhá: Toise Digiteach

# Meall

Tá traidisiún na fáilte i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar bhonn leis an obair ar fad atá á déanamh ag foireann na Leabharlainne. Ag croílár mhisean na Leabharlainne tá an pobal a mhealladh, misean atá á léiriú againn trí thaispeántais, trí imeachtaí, trí thurais, trí ghníomhaíochtaí foghlama agus trínár Seomraí Léitheoireachta. Cothaíonn na tionscnaimh sin rannpháirtíocht ionchuimsitheach leis na bailiúcháin luachmhara atá á sealbhú ar iontaobhas againn.

## Líon na gCuairteoirí ar an Láthair

| Taighdeoirí | |
|---|---|
| An Príomhsheomra Léitheoireachta | 14,676 |
| Seomra Léitheoireachta Lámhscríbhinní | 2,647 |
| An Seomra Staire Teaghlaigh | 2,595 |
| **Taispeántas** | |
| *Seamus Heaney: Éist Anois Arís* | 57,598 |
| An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta | 20,977* |
| *Yeats: Saol agus Saothair WB Yeats* | 62,428 |
| Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI) | 30,410 |

*Dúnta i rith mhí Eanáir

| Imeacht | |
|---|---|
| *Seamus Heaney: Éist Anois Arís* | 2,906 |
| Campas Shráid Chill Dara agus An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta | 5,021 |




**Forléargas ar ardáin rannpháirtíochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

Cuireann na meáin shóisialta ar ár gcumas dul i bhfeidhmm ar spriocphobal ar líne agus in 2023 tugadh ardleibhéil rannpháirtíochta faoi deara ar fud ár n-ardán. Bhí róil shuntasacha ag LinkedIn agus ag Instagram chomh fada is a bhain le nasc a chruthú lenár spriocphobal agus dul i bhfeidhm ar phobal níos mó.



# Na Postálacha Meán Sóisialta is Mó Tóir




### An Phostáil Instagram is Mó Tóir

Ómós do Shane MacGowan

- 1.6k ‘is maith liom’
- 20.6k amharc




### An Phostáil Facebook is Mó Tóir

Lá Domhanda na Súl

- 1.4k ‘is maith liom’
- 159 comhroinnt
- 110k amharc




### An Phostáil Twitter/X is Mó Tóir

Mír nua: litir ó Sheán Lemass

- 304 ‘is maith liom’
- 109 atvuit
- 56k amharc

# Taispeántais, Imeachtaí agus Rannpháirtíocht 2023

## TAISPEÁNTAIS



### *Yeats: Saol agus Saothair William Butler Yeats*

**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 7/8 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2**

Ag cur le bailiúchán suntasach Yeats NLI, sa taispeántas duaisbhuaiteach, ilmheán seo scrúdaítear saol duine d'fhilí is fearr an fichiú haois. Chomh maith leis sin, scrúdaítear go leor de na réimsí spéise spéisiúla a bhí ag Yeats lena n-áirítear litríocht, béaloideas, amharclannaíocht, polaitíocht agus an diamhair.



### *Seamus Heaney: Éist Anois Arís*

**Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann, Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2**

- Ó osclaíodh an taispeántas in Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann i mí Iúil 2018, thug breis is aon cheathrú milliún cuairteoirí cuairt ar an taispeántas, go pearsanta agus ar líne. Baineann an tionscadal comhpháirtíochta sin idir NLI, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus Banc na hÉireann, tairbhe as cartlann fhairsing NLI de dhoiciméid Heaney.
- Mar chuid den chomóradh cúig bliana, sheolamar *Le Grá, Seamus*, taispeántas sealadach de Bhailiúchán Cártaí Poist Des agus Mary Kavanagh i mí Iúil. Sa taispeántas sin tá rogha cártaí poist a sheol Seamus agus a bhean chéile, Marie, chuig a seanchairde, Des agus Mary Kavanagh, thar bhlianta fada.




### *Daoine agus Áiteanna: Éire sa 19ú, 20ú agus 21ú hAois*

**An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta, Cearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2**

- I mí Eanáir seoladh taispeántas grianghrafadóireachta nua dar teideal *Daoine agus Áiteanna: Éire sa 19ú, 20ú agus 21ú hAois*. Sa taispeántas tugtar léargas ar na hathruithe sóisialta, cultúrtha agus teicneolaíocha atá tarlaithe ar fud na hÉireann ó lár an 19ú haois suas go dtí an lá atá inniu ann.
- Reáchtáladh sraith de thurais choimeádaí i rith an tsamhraidh agus an fhómhair.

## TAISPEÁNTAIS TAISTIL

In 2023, lean NLI ag cur lena spriocphobal trínár dtaispeántais dar teideal 'Meirge a Fháil ar Iasacht'. Tá faisnéis agus atáirgeadh de thaispeántais NLI le fáil sna taispeáintí sin, rud a cheadaíonn dúinn ár mbailiúcháin a roinnt go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

**I measc na mbuaicphointí bhí:**

***SEAMUS HEANEY: ÉIST ANOIS ARÍS***

- Ollscoil Lund, Stócólm
- Ambasáid na hÉireann, Ságrab
- Ollscoil Náisiúnta na Bulgáire

***MAIREACHTÁIL LE BRÓD: GRIANGHRAIF LE CHRISTOPHER ROBSON***

- An Leabharlann Contae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath
- Le feiceáil ag Bród 93/23, Baile Átha Cliath

Thaistil taispeántais eile ar fud na tíre, chomh fada le contaetha cosúil le Cill Mhantáin, an Cabhán agus Maigh Eo.

# Taispeántais, Imeachtaí agus Rannpháirtíocht 2023

Tá sé mar aidhm ag clár imeachtaí éagsúla a chinntiú go bhfuil bailiúcháin agus acmhainní NLI inrochtana agus ar fáil do spriocphobal níos mó ná riamh. Táimid i ndiaidh ár gclár a fhorbairt chun samhail hibrideach a thairiscint, chun cur ar chumas spriocphobail ar fud an domhain rochtain a fháil ar go leor de na himeachtaí atá á reáchtáil againn.

Tá cuid de bhuaicphointí ár gclár sonraithe thíos.



## TURAIS STIÚRTHÓIRÍ


Chuaigh an Stiúrthóir nuacheaptha, an Dr Audrey Whitty, i mbun sraith turas míosúil a raibh an-tóir orthu a raibh sé mar aidhm acu scrúdú a dhéanamh ar ár bhfoirgneamh ar Shráid Chill Dara.


## LÉACHT JOSEPH HASSETT FAOI YEATS

D'óstálamar Léacht bhliantúil Joseph Hassett Yeats, a thug an tOllamh Margaret Kelleher i mí Meithimh. Reáchtáladh an léacht, dar teideal 'Ireland's Interpreter and Europe's Welcome: WB Yeats and the Nobel Prize in Literature, 1923,' tráth a raibh ceiliúradh á dhéanamh ar 100 bliain ó bronnadh Duais Nobel na Litríochta ar Yeats.

## LÁ BLOOM

Thugamar cuireadh do chuairteoirí dul siar sna blianta inár mboth grianghraf Lá Bloom agus thairgeamar deis dóibh chun scrúdú a dhéanamh ar an Seomra Léitheoireachta iontach, a bhí oscailte i rith an lae.




## DÉANACH AG AN LEABHARLANN

Reáchtáil NLI imeachtaí tráthnóna mar chuid dá sraith Déanach ag an Leabharlann, tráth a raibh ceol traidisiúnta le cloisteáil, mar aon le fuirseoireacht ar na boinn, turais phríobháideacha, an focal labhartha agus léamha litríochta. Thacaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán leis an tsraith seo, ar díoladh na ticéid ar fad lena haghaidh, mar chuid de Scéim Geilleagair Oíche Tar Éis Am Dúnta sa Mhúsaem.

## FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

Trí pháirt a ghlacadh i bhféilte áitiúla agus náisiúnta bíonn deis ag NLI dul i bhfeidhm ar spriocphobail nua. In 2023, ba chúis áthais dúinn a bheith ag obair leis an Oíche Chultúir, an tSeachtain Oidhreachta, Féile Bealtaine, Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath, Teach Cuartaíochta, Nascann Cultúr, First Fortnight, Aosú Dearfach, Lá Náisiúnta Líníochta, Seachtain na Gaeilge agus Féile Staire Bhaile Átha Cliath, i measc imeachtaí eile.

## AN CLÁR GRIANGHRAFADÓRA CHÓNAITHE

I mí Dheireadh Fómhair, i gcomhpháirt leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), sheol NLI clár nua Grianghrafadóra Chónaithe, chun timpeallacht athraitheach na hÉireann a thaifeadadh i ngrianghraif. I rith 2024, glacfaidh an grianghrafadóir ceaptha grianghraif de dhálaí athraitheacha aeráide agus comhshaoil sna ceithre shéasúr, le cúnamh ó shaineolaithe ó GCC agus cartlanna saibhre NLI.

## IMEACHTAÍ COMÓRTHA CÉAD BLIAIN DHUAIS NOBEL WB YEATS

In 2023 rinneadh comóradh ar chéad bliain ó bronnadh Duais Nobel na Litríochta ar WB Yeats mar gheall 'ar a fhilíocht inspioráideach, ar foirm ardealaíonta í a chuireann spiorad an náisiúin iomláin i bhfocail'. Chun ceiliúradh a dhéanamh ar an éacht iontach sin, ghlac NLI páirt in dhá chomhshaothar shuntasacha.

# Taispeántais, Imeachtaí agus Rannpháirtíocht 2023

### YEATS 100

I rith an gheimhridh, rinneamar ceiliúradh trí léachtaí ar an láthair agus ar líne a eagrú, a cuireadh i láthair i gcomhpháirt le Cumann Yeats agus le tacaíocht ó mhaoiniú a chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fáil.

### COMÓRADH CÉAD BLIAIN DHUAIS NOBEL YEATS

I sraith 'Comóradh Cead Bliain Dhuais Yeats', saothar comhpháirteach idir Seanad Éireann agus NLI chun léargas a thabhairt ar éachtaí liteartha agus polaitiúla Yeats, tá dhá ghearrfhíseán déag ina ndírítear ar léamha de dhánta Yeats agus sleachta as na hóráidí a thug sé sa Seanad.

Ba i dtreo dheireadh na bliana a seoladh é, agus reáchtáladh imeacht speisialta i Seomra an tSeanaid, agus ba é Aonad Craolta an Oireachtais a léirigh an tsraith atá le fáil ar chainéil meán sóisialta NLI agus an Oireachtais agus ar chainéal teilifíse an Oireachtais.

### POETRY ALOUD

Eagraithe le Poetry Ireland / Éigse Éireann agus le tacaíocht ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, fuaireamar 365 iontráil do chomórtas 2023 ó 65 scoil ar fud an oileáin. Ghlac 22 duine as 14 chontae, idir Aontroim agus Chiarraí, páirt sa bhabhta ceannais inár Seomra Léitheoireachta álainn.

### COIMISIÚN CRUTHAITHEACH

Ag deireadh 2023, d'oibríomar leis an ealaíontóir Ludmila Korol chun pictiúr a chruthú a bheadh le feiceáil ar chárta séasúrach bliantúil NLI.

## Rannpháirtíocht ar Líne

**AMHAIRC AR SHUÍOMH GRÉASÁIN NA LEABHARLAINNE NÁISIÚNTA**

**927,104***

**AMHAIRC FLICKR**

**7,004,698**

**LEANTÓIRÍ MEÁN SÓISIALTA**

**FACEBOOK:** 35,531
**INSTAGRAM:** 26,598
**X:** 49,287
**LINKEDIN:** 2,976

**10.3%**

**Fás 10.3% ar ár gcainéil meán sóisialta (leantóirí i dteannta a chéile)**

**4,829****

**D'fhreastail daoine ar imeachtaí, ar thurais agus ar thaispeántais ar líne**

*Laghdú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar aistriú idir soláthraithe anailísíochta i Márta 2023

**Imeachtaí ar líne NLI (seachas MoLI)



Joseph Hassett agus Paula Meehan ag imeacht deiridh 100 Bliain Yeats


I Have a Tribe i mbun taibhithe sa Seomra Léitheoireachta ag imeacht Déanach ag an Leabharlann

# Nuáil

Is nuáil radacach é coincheap na leabharlainne náisiúnta mar thaisclann d'eolas, d'oidhreacht, de chultúr agus de chuimhne náisiúin, atá ar fáil go hoscailte agus go saor do chách. Tá ról ceannaireachta againn i mbailiú digiteach agus i ndigitiú chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht athraitheach an chultúir agus na staire á caomhnú amach anseo agus ar fáil do chách. Go dtí seo, tá breis is 167,000 mír ó na bailiúcháin náisiúnta digitithe againn.

## Cartlannú Gréasáin Roghnach

Déanann NLI cartlannú roghnach ar ghréasán na hÉireann ar bhonn ceada, le hionchur ón bpobal. Sa chartlann, is féidir le húsáideoirí suíomhanna gréasáin a bhrabhsáil díreach mar a dhéanfaidís ar líne, rud a chinntíonn go mbíonn na suíomhanna sin inrochtana agus slán fiú amháin má athraíonn siad nó má bhíonn siad as líne.

Caomhnaíonn ár mbailiúchán cartlainne gréasáin ábhar ó shuíomhanna gréasáin Éireannacha ón mbliain 2011 go dtí an lá inniu ann agus cuireann sé an t-ábhar sin ar fáil do chách. I rith 2023, chuireamar 6.15TB breise de shonraí le Cartlann Ghréasáin Roghnach NLI. Clúdaíodh raon suíomhanna, a bhí dírithe ar nithe cosúil le cultúr, diaspóra agus oideachas, mar aon le spóirt agus gluaiseachtaí sóisialta.

## Buaicphointí Digiteacha


Tá ról ríthábhachtach ag an Stiúideo Digiteach chomh fada is a bhaineann leis na bailiúcháin náisiúnta a chur ar fáil. In 2023, d'fheabhsaigh an fhoireann a hacmhainní léirithe íomhánna trí chur lena foireann digitithe bhuan agus trína flít ceamaraí a uasghrádú.

D'infheistigh an fhoireann i gcliabháin leabhair chun ábhair cheangailte do dhigitiú a thaispeáint ar bhealach níos fearr, rud a bhí mar bhonn le cur chuige leathnaithe agus caighdeánaithe. Chuaigh sé sin chun tairbhe an tionscadail *Clóliosta* go háirithe, a bhfuil sé mar aidhm aige imleabhair foilsithe i mbailiúcháin NLI a dhigitiú. Is ionann an tionscadal sin agus an chéad mhórbhailiúchán ó Bhailiúcháin Fhoilsithe a digitíodh go córasach ag an Stiúideo Digiteach.


Chomh maith leis sin, dhigitigh an Stiúideo Digiteach go leor grianghraf agus míreanna eile ó *Bhailiúchán Live Aid*, ina ndoiciméadaítear mórimeacht cultúrtha na 1980idí. Chomh maith leis sin, tosaíodh ag obair ar *Pháipéir Chill Mhaighneann*, bailiúchán mór de thaifid mhíleata Bhriotanacha a aimsíodh in Ospidéal Chill Mhaighneann in 1922, díreach i ndiaidh d'Airm na Breataine an áit a fhágáil. Tá comhfhreagras le fáil sna páipéir sin a bhain le hArdcheannasaí fhórsaí na Breataine in Éirinn idir 1780 agus 1894.

Digitíodh raon ábhar eile a bhaineann le pearsanra cosúil le Roger Casement, Maria Edgeworth, Frank Ryan, agus go leor eile freisin. Digitíodh bailiúcháin ón gCartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta freisin, lena n-áirítear cuid acu a bhí cruthaithe ag Alice Stopford Green, Kathleen O'Brennan, Hanna Sheehy-Skeffington, agus daoine eile nach iad.





Tionscadal digiteach *Clóliosta*



Cartlannú Gréasáin

## Comhpháirtíochtaí Digiteacha

Lean an NLI le ról gníomhach a bheith aige inár bpobail chleachtais i rith 2023. D'fheidhmigh baill foirne mar bhaill choiste ar an gCuibhreannas Caomhnaithe Idirlín Idirnáisiúnta (CCII), an Chomhghuaillíocht ar son Caomhnú Digiteach (CCD), Líonra na hÉireann um Scoláireacht Dhigiteach (LSD-ÉIRE), agus Liosta Giotáin Dhomhanda na Speiceas Digiteach i mBaol nó Comhairle Liosta Giotáin CCD, agus labhair siad ag comhdhálacha idirnáisiúnta lena n-áirítear an Cumann Cartlann agus Taifead agus iPres (An Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir leis an gCaomhnú Digiteach).

Don Lá Domhanda um Chaomhnú Digiteach 2023, stiúir foireann NLI, i gcomhar le comhghleacaithe ón gComhghuaillíocht ar son Caomhnú Digiteach, ceardlann a raibh daoine i láthair aici a bhí dírithe orthu siúd ar spéis leo beartas um chaomhnú digiteach a fhorbairt dá n-eagraíochtaí. D'fhreastail rannpháirtithe a raibh ionadaíocht á déanamh acu ar 27 eagraíocht Éireannach dhifriúil ar an imeacht.

## Athdhearadh Iomlán an tSuímh Ghréasáin

I mí Márta, sheol NLI suíomh gréasáin nua a bhí athdheartha go hiomlán, www.nli.ie. Tá níos mó bealaí chun daoine a spreagadh le fáil ar an suíomh gréasáin nua, mar aon le heolas maidir le gach rud atá á thairiscint againn. Tá an nascleanúint feabhsaithe, tá an comhéadan mealltach agus tá tacaíocht dhátheangach iomlán ar fáil. Tá sé inrochtana do gach úsáideoir de réir Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán 2.1 agus barrfheabhsaithe don ríomhaire deisce agus do ghléasanna móibíleacha. I measc na ngnéithe suntasacha nua eile tá féilire imeachtaí, rochtain dhíreach ar chatalóg NLI, nuashonruithe nuachta, acmhainní oideachais agus rogha chun bronntanais ar líne a chur ar fáil. Ó seoladh ár suíomh gréasáin nua, tá roinnt duaiseanna mór le rá bronnta air, lena n-áirítear an Gradam Meán Digiteach don Suíomh Gréasáin is Fearr, Gradam Airgid sa Chatagóir Dhigiteach/Dearadh Comhéadain Úsáideora ag Gradaim Kinsale Shark, agus Gradam Ríomhsheirbhísí Rialtais. Ag na Gradaim Spider, bronnadh an Gradam don Dearadh Uilíoch is Fearr orainn agus an Grand Prix a bhfuil an-tóir air.

## Comhshaothar na mbailiúchán foilsithe

In 2023, thionscain NLI comhshaothar leis an Dr Tapasya Narang faoi Scéim Comhpháirtíochta Fiontair na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Tá iniúchadh á dhéanamh ag an Dr Narang, taighdeoir iardhochtúireachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ar bhailiúcháin fhoilsithe NLI trína tionscadal dar teideal, '*Radical Poetics: A Comparative Study of Small Press Productions from Dublin and Bombay, 1960-1980*'. Is é an aidhm atá ag an tionscadal sin aird a tharraingt ar ghnéithe de bhailiúcháin NLI nach ndearnadh dóthain staidéir orthu roimhe seo agus réiteoidh sé an bealach do thaighde a dhéanfar amach anseo.


## Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tá ról lárnach ag éagsúlacht agus ag ionchuimsiú san obair a dhéanaimid, agus cuireann siad le traidisiún seanbhunaithe in NLI - fáilte a chur roimh chách. Táimid ag leanúint ar aghaidh le tús áite a thabhairt d'éagsúlacht agus d'ionchuimsiú agus iad a áireamh i ngach gné dár gcuid oibre, bailiúchán agus caidreamh oibre.

I measc na mbuaicphointí tá athnuachan ghradam leibhéal Airgid NLI faoi chlár '*Infheisteoirí san Éagsúlacht*' Ionad na hÉireann um Éagsúlacht, agus soláthar táirgí míostraithe saor in aisce sna saoráidí leithris ar ár bpríomhchampas.

Ceapadh Oifigeach Rochtana nua, a bhfuil a s(h) onraí ríomhphoist agus teileafóin foilsithe ar shuíomh gréasáin NLI.





Tá an suíomh gréasáin nua ag obair go hiomlán ar gach gléas



Annertech agus foireann NLI ag glacadh leis an nGradam Spider

# Tuairisciú Corparáideach

## Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na hEarnála Poiblí

Tarraingítear aird i sainordú um ghníomhú ar son na haeráide de chuid a hearnála poiblí ar phríomhchuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide le haghaidh comhlachtaí poiblí. Chun an sainordú sin a chomhlíonadh, tuairiscíonn NLI maidir leis an méid seo a leanas:

### 1. Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GCT)

Léirítear i nuashonrú monatóireachta agus tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) i gcomhair 2023 coigilt fuinnimh de 52.7% le haghaidh NLI i gcomparáid le bliain bhunlíne 2009, a sháraíonn an sprioc a sonraíodh i gcomhair 2030. Tá astaíochtaí GCT le laghdú 41.3% chun an sprioc a chomhlíonadh faoi 2030.

### 2. Cur chun feidhme an tsainordaithe

Cheadaigh Bord NLI Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide NLI 2024 nua i mí Meithimh 2023.

### 3. Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta

Cuireadh tionscnaimh éagsúla inbhuanaithe i gcrích agus leanadh ar aghaidh leo in 2023, lena n-áirítear:

- Téitheoirí níos tíosaí ar fhuinneamh agus rialtáin fheabhsaithe in úsáid seachas na taiscthéitheoirí leictreacha níos sine.
- An gléas fuaraithe sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta a ionadú.
- Gloiniú tánaisteach a shuiteáil ar fhuinneoga roghnaithe ar champas Shráid Chill Dara.
- Forbairt agus Samhaltú Bearna go Sprioc píblíne tionscadail.

### 4. Deimhníonn NLI go bhfuil Imlitir 1/2020 á comhlíonadh

Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a sheach-chur.

## Rochtain ar Fhaisnéis

In 2023, ghlac NLI le 11 Cheist Pharlaiminte.



# An Bord (ó Lúnasa 2024 amach)



**Eoin McVey**
Cathaoirleach



**An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh**
Leas-Chathaoirleach



**An Dr Marie Bourke**



**Michael Diviney**



**John Grenham**



**Lisa Grimm**



**Lorelei Harris**



**Elizabeth M. Kirwan**
Ainmní Foirne



**An Dr Brian Lang**



**An tOllamh Kalpana Shankar**



**Caitriona Sharkey**



**Genevieve Wyeth**

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait agus beathaisnéisí iomlána, tabhair cuairt ar ár leathanach Faisnéise Corparáidí ar **www.nli.ie**

**Nóta:** Chuaigh téarmaí an Ollaimh Maeve Conrick, an Dr Conor Kostick agus Jennifer Taaffe in éag i mí na Samhna 2023, i ndiaidh dóibh a bheith ag feidhmiú mar bhaill den Bhord i gcomhair ocht mbliana, thar dhá théarma Boird.

# Coistí (ó Lúnasa 2024 amach)

## An Coiste Comhairleach do Léitheoirí

Cabhraíonn an Coiste Comhairleach do Léitheoirí leis an mBord agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir le seirbhísí NLI.

**Cathaoirleach: Lorelei Harris**
**Baill:**
Lian Bell
Michael Diviney
Liam O'Brien
Harry Hughes
An tOllamh Mary O'Dowd
An Dr Audrey Whitty

## An Coiste Ginealais agus Araltais

Cabhraíonn an Coiste Ginealais agus Araltais leis an mBord agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir le feidhmeanna NLI, ginealas agus araltas.

**Cathaoirleach: John Grenham**
**Baill:**
Lisa Grimm
An tOllamh Kalpana Shankar
An Dr Marie Bourke
Nicola Morris
An Dr Rachel Murphy
Tony Hennessy
Catriona Crowe

**Ex-officio:**
An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir
Colette O'Flaherty, Príomh-Aralt na hÉireann

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cabhair don Bhord agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir le riosca, rialú, rialachas agus dearbhuithe gaolmhara NLI.

**Cathaoirleach: An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh**
**Baill:**
Caitriona Sharkey
An tOllamh Philip O'Regan
Genevieve Wyeth



John Cox, Leabharlannaí Ollscoil na Gaillimhe; Caitriona Sharkey, Ball Boird; John Grenham, Ball Boird; An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Eoin McVey, Cathaoirleach an Bhoird; An Dr Marie Bourke, Ball Boird; An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Leas-Chathaoirleach an Bhoird.

**LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN**

# Ráitis Airgeadais 2023


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na mBall Boird | 34 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 39 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 42 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 44 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 45 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 46 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 47 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 48 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na mBall Boird

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## Rialachas

Ceapadh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) de réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 12 den Acht (Feidhmeanna Bhord na Leabharlainne). Tá an Bord cuntasach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an cúram sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. An Stiúrthóir agus an fhoireann ceannaireachta shinsearach atá freagrach as bainistiú, rialú agus treo laethúil NLI. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ceannaireachta shinsearach an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an mBord a leanúint agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach is dócha a bheidh ann. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus foireann bainistíochta na Leabharlainne.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí na ndaoine ar fad a bhfuil baint acu le hoibriú an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) do bhaill den Bhord, don Chathaoirleach, don Stiúrthóir agus don Rúnaí. Chomh maith leis sin, leagtar amach sa Chód nithe atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh Boird. I measc na míreanna seasta a ndéanann an Bord breithniú orthu tá:

- Dearbhuithe leasa,
- Tuarascálacha ó choistí,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- Tuarascálacha feidhmíochta, agus
- Nithe forchoimeádta.

Ceanglaíonn Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 ar Bhord NLI ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus gach cuntas is cuí agus is gnáth ar an airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád.

**Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord NLI an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh NLI ar aghaidh ag feidhmiú; agus
- A shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Bord gur comhlíonadh na ceanglais thuasluaite fad is a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú.



Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith cad é staid airgeadais NLI agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil Alt 35 den Acht á chomhlíonadh ag na ráitis airgeadais. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin NLI.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as na buiséid bhliantúla a cheadú. Déantar meastóireacht leanúnach ar fheidhmíocht NLI trí thagairt dá plean gnó agus dá buiséad bliantúil. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a sócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais NLI ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais NLI amhail ar an 31 Nollaig 2023. Cheadaigh an Bord síniú an ráitis seo agus na ráiteas airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ar an 29 Lúnasa 2024.

## Struchtúr an Bhoird

Páirteach sa Bhord tá Cathaoirleach agus 11 ghnáthbhaill, a cheap an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ceapadh baill an Bhoird do thréimhse 3 nó 5 bliana agus buaileann siad le chéile 6 huaire sa bhliain. Tá sonraí le fáil sa Tábla thíos maidir le tréimhse cheapacháin na mball Boird i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023:

| Baill an Bhoird | Ról | Dáta an Cheapacháin | Dáta Éaga an Téarma | Sonraí Breise |
|---|---|---|---|---|
| **Eoin McVey** | Cathaoirleach | Ceaptha mar ghnáthbhall ar an 8 Feabhra 2021, agus ceaptha mar Chathaoirleach ar an 29 Iúil 2021 | 7 Feabhra 2026 | Ainmní Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath<br>Athcheaptha in 2021 |
| **An tOllamh Maeve Conrick** | Gnáthbhall | 24 Samhain 2020 | Téarma in Éag: 23 Samhain 2023 | Athcheaptha in 2020 |
| **An Dr Conor Kostick** | Gnáthbhall | 24 Samhain 2020 | Téarma in Éag: 23 Samhain 2023 | Athcheaptha in 2020 |
| **Jennifer Taaffe** | Gnáthbhall | 24 Samhain 2020 | Téarma in Éag: 23 Samhain 2023 | Athcheaptha in 2020 |
| **An Dr Marie Bourke** | Gnáthbhall | 8 Feabhra 2021 | 7 Feabhra 2026 | Ainmní Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath |
| **Katherine McSharry** | Gnáthbhall | 8 Feabhra 2021 | Éirithe as: 12 Eanáir 2023 | Ainmní Foirne NLI |
| **John Grenham** | Gnáthbhall | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Lisa Grimm** | Gnáthbhall | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Lorelei Harris** | Gnáthbhall | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh** | Leas-Chathaoirleach agus Gnáthbhall | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **An tOllamh Kalpana Shankar** | Gnáthbhall | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Caitriona Sharkey** | Gnáthbhall | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Elizabeth M. Kirwan** | Gnáthbhall | 30 Samhain 2023 | 7 Feabhra 2026 | Ainmní Foirne NLI |

Chuir an Bord athbhreithniú éifeachtachta féinmheasúnaithe inmheánach i gcrích i mí Feabhra 2024 agus chuir sé athbhreithniú féinéifeachtachta seachtrach i gcrích i mí Mheán Fómhair 2022.

## Fochoistí Boird

Tá trí fhochoiste Boird ann; is fochoistí reachtúla iad dhá cheann acu, eadhon an Coiste Comhairleach do Léitheoirí agus an Coiste Ginealais agus Araltais, agus is coiste neamhreachtúil é ceann amháin acu, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR).

- Páirteach sa Choiste Comhairleach do Léitheoirí tá Cathaoirleach (atá ina bhall de Bhord NLI) agus cúigear ball (is baill neamhspleácha sheachtracha iad ceathrar ball agus is Stiúrthóir NLI é ball amháin). Is é príomhfheidhm an Choiste Chomhairligh do Léitheoirí comhairle a chur ar an mBord maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí atá á soláthar ag an Leabharlann. Bhuail an Coiste le chéile trí huaire i rith 2023. Seo a leanas baill an Choiste Chomhairligh do Léitheoirí i rith 2023:
  - Lorelei Harris (Cathaoirleach)
  - Lian Bell (ball seachtrach)
  - Liam O'Brien (ball seachtrach)
  - Harry Hughes (ball seachtrach)
  - An tOllamh Mary O'Dowd (ball seachtrach)
  - An Dr Audrey Whitty (ceaptha ar an 27 Aibreán 2023)

- Páirteach sa Choiste Ginealais agus Araltais tá ceathrar Ball Boird agus ceathrar ball neamhbhoird. Is baill ex-officio iad Stiúrthóir NLI agus Príomh-Aralt na hÉireann freisin. Is é príomhfheidhm an Choiste Ginealais agus Araltais comhairle a chur ar an mBord maidir le nithe a eascraíonn as cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla an Bhoird i réimsí an ghinealais agus an araltais. Bhuail an Coiste le chéile trí huaire i rith 2023. Seo a leanas baill an Choiste Ginealais agus Araltais i rith 2023:
  - John Grenham (Cathaoirleach)
  - Lisa Grimm
  - An Dr Conor Kostick (chuaigh a théarma in éag ar an 23 Samhain 2023)
  - An tOllamh Kalpana Shankar
  - An Dr Marie Bourke (ceaptha ar an 24 Samhain 2023)
  - Nicola Morris (ball seachtrach)
  - An Dr Rachel Murphy (ball seachtrach)
  - Tony Hennessy (ball seachtrach)
  - Catriona Crowe (ball seachtrach)
  - An Dr Audrey Whitty (ball ex-officio)
  - Colette O'Flaherty (ball ex-officio)



- Páirteach in CIR tá triúr ball boird ar a laghad agus ball seachtrach neamhspleách amháin. Is é ról CIR tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go bhfuil monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách á déanamh ar na córais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus cuireann sé tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord. Bhí seisear ball páirteach in CIR in 2023. Seo a leanas baill CIR i rith 2023:
  - An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh (Cathaoirleach)
  - An tOllamh Maeve Conrick (chuaigh a téarma in éag ar an 23 Samhain 2023)
  - Jennifer Taaffe (d'éirigh sí as a cúraimí CIR ar an 9 Bealtaine 2023)
  - Caitriona Sharkey
  - An tOllamh Philip O'Regan (ball neamhspleách seachtrach – cuntasóir cáilithe)
  - An Dr Marie Bourke (ceaptha ar an 24 Samhain 2023)

## Sceideal Tinreamh, Táillí agus Costas

Tá sceideal tinrimh do chruinnithe Boird agus Coiste i gcomhair 2023 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach ball:

| Ball Boird | An Bord | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Comhairleach do Léitheoirí | An Coiste Ginealais agus Araltais | Táillí Boird € | Costais dearbhaithe € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | 6 | 6 | 3 | 3 | | |
| Eoin McVey | 6/6 | | | | - | 224 |
| An tOllamh Maeve Conrick | 5/5 | 4/5 | | | - | 90 |
| An Dr Conor Kostick | 5/5 | | | 1/2 | - | - |
| Jennifer Taaffe | 3/5 | 1/2 | | | - | - |
| An Dr Marie Bourke | 6/6 | 0/1 | | 1/1 | - | 207 |
| Katherine McSharry | 0/0* | | | | - | - |
| John Grenham | 5/6 | | | 3/3 | - | - |
| Lisa Grimm | 3/6 | | | 2/3 | - | - |
| Lorelei Harris | 5/6 | | 3/3 | | - | - |
| An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh | 6/6 | 6/6 | | | - | 361 |
| An tOllamh Kalpana Shankar | 5/6 | | | 3/3 | - | - |
| Caitriona Sharkey | 5/6 | 6/6 | | | - | 219 |
| Elizabeth M. Kirwan | 1/1 | | | | | - |
| | | | | | - | **1,101** |

* Ar an 8 Aibreán 2022, d'éirigh Katherine McSharry as bheith ina ball den Bhord don tréimhse ina raibh sí ina Stiúrthóir Gníomhach.

D'fhreastail an tOllamh Philip O'Regan ar 5/6 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i rith 2023.

Ní íocann an Leabharlann táillí le baill an Bhoird.

## Athruithe ar Phríomhphearsanra

Tá sonraí maidir le hathruithe ar bhallraíocht an Bhoird i rith 2023 leagtha amach thuas faoi Struchtúr an Bhoird. D'éirigh an Stiúrthóir Gníomhach as a chúraimí NLI i mí Eanáir 2023 agus ceapadh Stiúrthóir nua i mí Feabhra 2023. Ceapadh ceannasaí nua Acmhainní Daonna in NLI i mí Márta 2023. I mí Lúnasa 2023, ceapadh Ceann na nEastát i ról an Leas-Stiúrthóra. Ceapadh Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe nua in NLI i mí na Samhna 2023.

## Nochtaí atá Riachtanach faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)


Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon NLI ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear ar an mBord na nochtaí seo a leanas a dhéanamh de réir an Chóid:

- Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe – arna leagan amach i nóta 5 (f) a ghabhann leis na ráitis airgeadais
- Costais sainchomhairleoireachta – arna leagan amach i nóta 6 (b) a ghabhann leis na ráitis airgeadais
- Costais agus socraíochtaí dlí – arna leagan amach i nóta 6 (b) a ghabhann leis na ráitis airgeadais
- Caiteachas taistil agus cothaithe – arna leagan amach i nóta 6 (a) a ghabhann leis na ráitis airgeadais
- Caiteachas fáilteachais – ní raibh aon chaiteachas fáilteachais ag NLI in 2022 ná in 2023.


## Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta bunaithe aige chun a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Chomhlíon Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i gcomhair 2023.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



**Eoin McVey**
Cathaoirleach



**An Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 29 Lúnasa 2024



# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## Raon Freagrachta

Thar ceann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, admhaímid freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach ar rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Cuimsítear san fhreagracht sin ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Seirbhísí Comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn comhroinnte (Vóta 18). Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as feidhmiú rialuithe sna hIonaid um Sheirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchóireachta bunaithe ag Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le feidhmiú rialuithe i seirbhísí comhroinnte. Is meascán é an dearbhú sin den mhéid seo a leanas:

- Obair iniúchóireachta inmheánach curtha i gcrích ag Aonad Iniúchóireachta Inmheánach na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí curtha i gcrích ag gnólacht cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (CIDI 3402), atá deartha chun tuairisciú do ranna úsáideoirí agus dá n-iniúchóirí maidir leis na rialuithe atá i seirbhísí comhroinnte. Tuairiscítear sna hiniúchtaí sin ar éifeachtacht na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm in 2023.

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte litir dhearbhaithe maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúchóireachta agus tuairiscíonn an t-oifigeach sin ar iniúchtaí ar oibriú na rialuithe i rith 2023.

Glacann NLI le dearbhú ón gcóras ar rialú i seirbhísí comhroinnte arna thuairisciú ag an Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

## Cuspóir an Chórais ar Rialú Inmheánach

Tá an córas ar rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas fáil réidh leis ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú absalóideach a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá an córas ar rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

## An Acmhainn chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) bunaithe ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bhfuil ar a laghad triúr ball Boird agus ball seachtrach amháin páirteach ann, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Bhuail an CIR le chéile sé huaire in 2023.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar atá sainithe i gCairt um Iniúchóireacht Inmheánach an Bhoird. Tá obair na feidhme iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht neamhchosanta air, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe

ar an anailís sin. Tá an anailís ar na pleananna riosca agus iniúchta inmheánaigh formhuinithe ag CIR agus ceadaithe ag an mBord. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascálacha ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh ar fáil don Bhord. Tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe do ghnólacht seachtrach.

D'fhorbair CIR beartas bainistíochta riosca, ina leagtar amach inghlacthacht riosca NLI, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus mionsonraí róil agus fhreagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Tugadh an beartas do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair de réir bheartais bainistíochta riosca Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, chun aird na foirne bainistíochta a tharraingt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe ina réimsí oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ina shainaithnítear agus ina thuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun déileáil leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú. Choimeád Bord na Leabharlainne bainistíocht riosca mar mhír sheasta ar chlár a chruinnithe. D'athbhreithnigh agus nuashonraigh an Bord a bheartas bainistíochta riosca agus a ráiteas inghlacthachta riosca don Leabharlann in 2024.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina shainaithnítear na príomhrioscaí a bhfuil ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann déileáil leo agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn CIR an clár ar bhonn leathbhliantúil agus déanann an Bord athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tá sonraí le fáil sa chlár rioscaí maidir leis na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha a mhaolú. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas bunaithe:

- tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe oiriúnach bunaithe lena mbaineann buiséad bliantúil a bhfuil an fhoireann bainistíochta shinsearach freagrach as athbhreithniú a dhéanamh air,
- tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm acu sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe bunaithe chun rialú leordhóthanach ar mhaoiniú deontais a chinntiú ionas go bhfuil sé curtha chun feidhme chun na críche beartaithe.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá eolas maidir le nósanna imeachta foirmiúla atá bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe á roinnt leo siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach agus leis an bhfoireann bainistíochta agus leis an mBord, más cuí, go tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ar a léirítear feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.



## Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh. Seachas na conarthaí atá nochta sa mhír dar teideal 'Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh' thíos, chomhlíon an Leabharlann a nósanna imeachta i rith 2023.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar éifeachtacht an chórais ar rialú inmheánach bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre) agus an fhoireann bainistíochta shinsearach i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata ar rialú inmheánach.


Deimhnímid gur reáchtáil an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2023 ar an 29 Feabhra 2024.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh


Níor sainaithníodh aon laige rialaithe inmheánaigh i rith 2023 seachas na laigí a nochtadh thíos a bhain le caiteachas a bhí cothrom le €náid (2022: €145,176):

- Bronnadh conradh amháin (2023: €náid, 2022: €95,872), a bhain le seirbhísí caidrimh phoiblí, cumarsáide agus margaíochta, faoi phróiseas iomaíoch, ach cuireadh síneadh leis, le cead ón mBord, i ndiaidh dháta deiridh a chonartha. Tá comórtas soláthair chun an tseirbhís sin a sholáthar curtha i gcrích agus bunaíodh conradh nua i mí Mheán Fómhair 2022.
- Bronnadh conradh amháin (2023: €náid, 2022: €49,304), a bhain le seirbhísí slándála a chur ar fáil do NLI, faoi phróiseas iomaíoch, ach cuireadh síneadh leis, le cead ón mBord, i ndiaidh dháta deiridh a chonartha. Tá comórtas soláthair chun an tseirbhís sin a sholáthar curtha i gcrích agus bunaíodh conradh nua i mí Mheán Fómhair 2022.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



**Eoin McVey**
Cathaoirleach



**An Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 29 Lúnasa 2024

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar an 31 Nollaig 2023 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2023 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus chomhlíon mé m'fhreagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tuarascáil maidir leis an bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear inti an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

**Paula O'Connor**
**Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**2 Meán Fómhair 2024**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachta na gcomhaltaí Boird

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachas agus i dtuarascáil bhaill an Bhoird, tá baill an Bhoird freagrach as

- na ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonruithe ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míshonruithe ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir le ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míshonrú ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Cinnim ar an oiriúnacht d'úsáid bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, cinnim má tá neamhchinnteacht ábhartha ann maidir leis na heachtraí nó coinníollacha ar féidir leo amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Is féidir, áfach, nach leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr eachtraí nó coinníollacha sa todhchaí.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta chun a chur ar mo chumas iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi ISAnna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar chúrsaí eile*

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na breithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 | 12,303,347 | 9,911,208 |
| Bronntanais (Ábhair agus Airgead) | 3 | 240,465 | 49,000 |
| Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 7(c) | 1,164,000 | 1,511,000 |
| Ioncam Eile | 4 | 275,695 | 304,013 |
| **Ioncam Iomlán** | | **13,983,507** | **11,775,221** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair | 5 | 7,876,078 | 7,821,059 |
| Riarachán agus Oibríochtaí | 6 | 1,818,559 | 1,521,408 |
| Cláir | 8 | 1,337,541 | 1,475,394 |
| Dímheas | 11 | 364,260 | 342,954 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **11,396,438** | **11,160,815** |
| | | | |
| Glanbharrachas Oibriúcháin | | 2,587,069 | 614,406 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil – Sócmhainní Oidhreachta | 10 | (3,099,818) | (335,242) |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil – Sócmhainní Seasta Oibriúcháin | 10 | 169,201 | 304,659 |
| **(Easnamh) / Barrachas don bhliain** | | **(343,548)** | **583,823** |
| | | | |
| Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag an 1 Eanáir | | 1,588,736 | 1,004,913 |
| **Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag an 31 Nollaig** | | **1,245,188** | **1,588,736** |

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí 1–19.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**An Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 29 Lúnasa 2024



# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **(Easnamh) / Barrachas don bhliain** | | **(343,548)** | **583,823** |
| | | | |
| (Caillteanais) / gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 7(b) | (2,722,000) | 303,000 |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhonn le luach láithreach na n-oibleagáidí sochair scoir | 7(b) | (2,333,000) | 18,981,000 |
| **(Caillteanas) / Gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain** | | **(5,055,000)** | **19,284,000** |
| | | | |
| Coigeartú go dtí maoiniú sochar scoir iarchurtha | | 5,055,000 | (19,284,000) |
| **(Costas) / Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | | **(343,548)** | **583,823** |

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí 1–19.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**An Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 29 Lúnasa 2024


# Ráiteas ar Staid an Airgeadais

## Amhail ag an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 11 | 337,955 | 507,156 |
| Sócmhainní Oidhreachta | 12 | 31,557,070 | 28,457,252 |
| | | **31,895,025** | **28,964,408** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 395,716 | 417,843 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid | | 1,562,184 | 1,909,261 |
| | | **1,957,900** | **2,327,104** |
| **Dliteanais Reatha *(méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)*** | | | |
| Míreanna Iníoctha | 14 | 712,712 | 738,368 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **1,245,188** | **1,588,736** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | 7(b) | (41,356,000) | (35,137,000) |
| Sócmhainn Mhaoinithe Sochair Scoir Iarchurtha | 7(b) | 41,356,000 | 35,137,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **33,140,213** | **30,553,144** |
| **Ag léiriú** | | | |
| Cuntas Caipitil | | | |
| Sócmhainní Oidhreachta | 10 | 31,557,070 | 28,457,252 |
| Sócmhainní Seasta Oibriúcháin | 10 | 337,955 | 507,156 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 1,245,188 | 1,588,736 |
| | | **33,140,213** | **30,553,144** |

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí 1–19.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:





**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**An Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 29 Lúnasa 2024



# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas (Caiteachas thar Ioncam) / Ioncam thar Chaiteachas | | (343,548) | 583,823 |
| Ábhair Bhronnta | | (234,050) | (48,000) |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 11 | 364,260 | 342,954 |
| Laghdú / (Méadú) ar Infháltais | | 22,127 | (2,775) |
| Laghdú ar Mhíreanna Iníoctha | | (25,656) | (28,018) |
| Méadú ar an gCuntas Caipitil | | 2,930,617 | 30,583 |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | 11 | - | 15,164 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **2,713,750** | **893,731** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil | 11 | (195,059) | (53,459) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Oidhreachta a fháil | 12 | (2,865,768) | (287,242) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(3,060,827)** | **(340,701)** |
| **(Glanlaghdú) / Glanmhéadú ar Airgead agus Coibhéisí Airgid** | | **(347,077)** | **553,030** |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid ag an 1 Eanáir | | 1,909,261 | 1,356,231 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid ag an 31 Nollaig** | | **1,562,184** | **1,909,261** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha ar ghlac Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leo leagtha amach thíos. Tá siad ar fad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

### (a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, agus tá a ceannoifig ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Tá príomhchuspóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leagtha amach i gCuid 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, mar seo a leanas:

> *"...an t-ábhar leabharlainne atá i mbailiúchán na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus a mhéadú chun sochair don phobal agus taifead ar ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) i ndáil le hÉirinn a bhunú agus a chothabháil agus cur leis an rochtain a sholáthraítear do dhaoine den phobal ar ábhar a bhaineann le tíortha eile."*

Eintiteas Leasa Poiblí (ELP) is ea Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

### (b) Ráiteas Comhlíonta

Tá ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ("An Leabharlann Náisiúnta") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ullmhaithe de réir FRC 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus eisithe ag Financial Reporting Council (FRC).

### (c) An Bonn Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas le haghaidh sócmhainní agus dliteanas áirithe atá á dtomhas ag luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais na Leabharlainne Náisiúnta.

Mar atá leagtha amach i Nóta 15, bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas) chun cabhrú le forbairt na Leabharlainne Náisiúnta. Ní chomhdhlúthaíonn na ráitis airgeadais seo torthaí an Iontaobhais ar an mbonn nach gceanglaíonn Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, a leithéid.

### (d) Ioncam

**Deontais Oireachtais**
Aithnítear ioncam ó Dheontais Oireachtais, Fo-cheannteideal B.7, Athshamhaltú na Leabharlainne Náisiúnta – Forbairt Chaipitil, ar bhonn in-aisíoctha de réir an chaiteachais tabhaithe sa bhliain. Tá gach ioncam eile ó Dheontais Oireachtais aitheanta ar bhonn fáltas airgid.



**Ioncam Eile**
Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

**Costais Dhíreacha**
Taispeántar costais dhíreacha a bhaineann le giniúint ioncaim eile trí ghníomhaíochtaí na Leabharlainne Náisiúnta, e.g. Araltas, ar bhonn comhlán ar aghaidh Nóta 4, Ioncam Eile.

### (e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe d'aon fhoráil do bhearnúchán. Cuirtear dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fáil ag ráta atá measta chun costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saolré ionchais measta a dhíscríobh, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Troscán agus Feisteas | 10% sa bhliain |
| (ii) | Trealamh TF | 25% sa bhliain |
| (iii) | Trealamh Oifige agus Ginearálta | 20% sa bhliain |
| (iv) | Taispeántais ag Feidhmiú | 20% sa bhliain nó thar shaol an taispeántais |

Caitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh atá faoin tairseach chaipitlithe de €10,000 (roimh an 1 Eanáir 2022, cuireadh tairseach chaipitlithe de €1,000 i bhfeidhm) sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain cheannaigh.

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a bheadh á fháil faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costas measta diúscartha a asbhaint, má bhí aois áirithe bainte amach ag an tsócmhainn cheana féin agus dá mbeadh sí sa bhail a mbeifí ag súil léi ag deireadh a saolré ionchais.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

Maoinítear sócmhainní seasta na Leabharlainne Náisiúnta ó mheascán de dheontais chaipitil agus de leithdháiltí ó ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a fhaightear ó dheontais chuig cuntas caipitil atá amúchta de réir dhímheas na sócmhainní gaolmhara.

### (f) Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha, más cuí. Is foráil shonrach í foráil d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear a leithéid nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Leabharlann Náisiúnta in ann na suimeanna ar fad atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht in aon fhoráil d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

### (g) Sochair Fostaí

**Sochair Ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Míreanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

**Sochair Scoir**
Roimhe seo bhunaigh an Leabharlann Náisiúnta a scéim pinsin le sochar sainithe féin ("an Phríomhscéim"), atá á maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead atá curtha ar fáil ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus ó ranníocaíochtaí atá asbhainte ó thuarastail na mball foirne. Chomh maith leis sin, tá Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair") bunaithe ag an Leabharlann Náisiúnta, .i. scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Is fianaise iad na costais phinsin ar na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe, agus taispeántar iad gan ranníocaíochtaí pinsin foirne a chur san áireamh atá á gcoinneáil ag an Leabharlann Náisiúnta. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an táille phinsin mar ioncam a mhéid is atá sé in-aisghabhála, agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha atá ag eascairt as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Léirítear sna ráitis airgeadais – ag luach cóir – na sócmhainní agus na dliteanais atá ag eascairt as oibleagáidí pinsin na Leabharlainne Náisiúnta agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

## (h) Sócmhainní Oidhreachta agus Bailiúcháin Leabharlainne

Sainmhínítear Sócmhainn Oidhreachta mar shócmhainn inláimhsithe lena mbaineann cáilíochtaí stairiúla, ealaíne, eolaíocha, teicneolaíocha, geoifisiceacha nó comhshaoil, atá á coimeád go príomha mar gheall ar an tslí a bhfuil sí ag cur le heolas agus le cultúr.

**Aitheantas Tosaigh**

Taifeadtar míreanna ceannaithe ag a gcostas sna ráitis airgeadais. Taifeadtar bronntanais ag luacháil reatha a fhaigheann Coimeádaithe na Leabharlainne le tagairt, más féidir, do mhargaí tráchtála trí úsáid a bhaint as faisnéis idirbhirt a fuarthas le déanaí ó cheantanna. Taifeadtar bronntanais, sa chás go mbaineann an Leabharlann Náisiúnta tairbhe as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ar bhonn luacháil Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Aithnítear bronntanais mar ioncam le haistriú comhfhreagrach chuig cuntas caipitil na Sócmhainní Seasta Oidhreachta mar seo a leanas:

- Aithnítear bronntanais nach bhforchuireann coinníollacha feidhmíocht-bhunaithe sonracha todhchaíocha ar an Leabharlann mar ioncam sa chás go bhfuil na hacmhainní faighte nó infhála;
- Aithnítear bronntanais a fhorchuireann coinníollacha feidhmíocht-bhunaithe sonracha todhchaíocha ar an Leabharlann díreach mar ioncam sa chás go bhfuil na coinníollacha feidhmíocht-bhunaithe comhlíonta; agus
- Sa chás go bhfaightear acmhainní sula gcomhlíontar na critéir aitheanta ioncaim, aithnítear dliteanas.

**Luacháil**

Ní bhreithníonn an Bord gur féidir faisnéis iontaofa chostais nó luachála a fháil le haghaidh na míreanna go léir atá á gcoimeád i mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Is amhlaidh atá mar gheall ar chineál éagsúil na míreanna atá á gcoimeád, líon na míreanna sna bailiúcháin agus an ganntanas luachanna margaidh inchomparáide. Dá réir sin, ní aithníonn an Leabharlann Náisiúnta a bailiúcháin ar fad mar shócmhainní sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais seachas na míreanna faighte a chosain nó a raibh luach €5,000 nó níos mó luaite leo agus a fuarthas nó a tugadh mar bhronntanas ó bunaíodh an Bord i mí Bealtaine 2005. Tá siad sin rangaithe mar Shócmhainní Oidhreachta ag an dáta taifeadta.

Ar dtús, aithnítear sócmhainní oidhreachta ag costas sealbhaithe mar an luach a luadh leis na míreanna a tugadh mar bhronntanas. Iompraítear na míreanna ag costas sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais agus laghduithe do bhearnúchán más cuí.



Tá gach mír faighte don bhailiúchán a ceannaíodh i gcomhair €5,000 nó níos mó á maoiniú ó leithdháileadh maoinithe chaipitil na Leabharlainne Náisiúnta don bhliain agus tá míreanna faighte a chosnaíonn níos lú ná €5,000 á maoiniú ón leithdháileadh maoinithe reatha.

Tá Cartlannú agus Digitiú Gréasáin á gcaipitliú ag costas agus sa chás go mbaineann catalógú agus meiteashonraí go díreach le tionscadail Chartlannaithe agus Digitithe Gréasáin, caipitlítear na costais sin freisin.

**Bearnúchán**

Ní dhímheastar sócmhainní oidhreachta. Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán luach sócmhainne oidhreachta, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain. D’fhéadfadh sócmhainn oidhreachta a bheith bearnaithe, mar shampla sa chás gur tugadh meath fisiciúil nó briseadh faoi deara nó sa chás go mbíonn amhras maidir le barántúlacht ann.

**Costais Chaomhantais**

Aithnítear caiteachas caomhantais, atá riachtanach chun míreanna aonair a chaomhnú nó chun breis meatha míreanna aonair a chosc, sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a thabhaítear é.

## (i) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe do shócmhainní agus do dhliteanais amhail ag an dáta tuairiscithe agus na méideanna tuairiscithe d’ioncam agus do chostais i rith na bliana. Ciallaíonn cineál an mheastacháin, áfach, nach gá go mbeadh na torthaí iarbhír cosúil leis na meastacháin sin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

**Sócmhainní Oidhreachta Tugtha mar Bhronntanas**

Cinntear luachanna na míreanna bailiúcháin a tugadh mar bhronntanas don Leabharlann Náisiúnta trí úsáid a bhaint as teicnící luachála. Baineann an Leabharlann Náisiúnta tairbhe as breithiúnas nuair a bhíonn modhanna éagsúla á roghnú aici a bhfuil cur síos déanta orthu sa bheartas cuntasaíochta do Shócmhainní Oidhreachta (h) thuasluaite.

**Bearnúchán Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh**

Athbhreithnítear sócmhainní atá faoi réir amúchta chun críche bearnúcháin nuair a thugann teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios go mb’fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann an tsuim in-aisghabhála agus an tsuim is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díola agus luacha in úsáid. Chun críche measúnú a dhéanamh ar bhearnúchán, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle lena bhfuil sreafaí airgid atá sainaitheanta ina n-aonar ar fáil (aonaid giniúna airgid). Athbhreithnítear sócmhainní neamhairgeadais a ndearnadh bearnúchán orthu chun aisiompú féideartha an bhearnúcháin a scrúdú ag gach dáta tuairiscithe.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme de shócmhainn sheasta, agus go háirithe, saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus chinn sé go bhfuil saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

### Maoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir

Agus tagairt á déanamh do na Scéimeanna Aoisliúntais dá dtagraítear dóibh sa rannóg dar teideal "Sochair Fostaí" thuas:

- D'aithin an Bord sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamh-mhaoinithe do shochair scoir atá iníoctha faoin bPríomhscéim agus faoin Scéim Aonair, agus d'aithin sé maoiniú iarchurtha do shochair scoir aitheanta sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023. Is é breithiúnas an Bhoird go leanfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán nó a heintitis chomharba, leis na cistí a bheidh ag teastáil chun na hoibleagáidí pinsin neamh-mhaoinithe a chomhlíonadh a chur ar fáil.
- Íoctar ranníocaíochtaí pinsin faoin Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Chomh fada is a bhaineann le baill na Scéime Aonair, forálann alt 44 d'Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 d'íocaíochtaí pinsin a mhaoiniú nuair a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí as an Lárchiste nó as cistí eile curtha ar fáil ag an Oireachtas don chríoch sin. Is scéim le sochar sainithe í an scéim aonair agus tá sí san áireamh i nochtaí 2023 FRS 102.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Nuashonraítear na foshuíomhanna atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha, lena bhfuil na méideanna sainaitheanta sna ráitis airgeadais socraithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh thodhchaíocha agus rátaí básmhaireachta), go bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an phinsin agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar na foshuíomhanna:
(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin; agus
(ii) leibhéil chúitimh thodhchaíocha, dálaí an mhargaidh fostaíochta sa todhchaí.

## 2. Deontais Oireachtais

Cuimsítear sna Deontais Oireachtais a vótáladh don Leabharlann Náisiúnta ó Vóta 33 na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán ("an Roinn") mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais:

| | Fo-cheannteideal | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Reatha | B.11 | 9,275,000 | 9,205,000 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Caipiteal | B.11 | 478,000 | 478,000 |
| Bonneagar agus Forbairt Chultúrtha – Caipiteal | B.7 | 2,540,347 | 215,508 |
| Músaeim Réigiúnacha, Gailearaithe, Ionaid Chultúrtha agus Tionscadal – Reatha | B.6 | 10,000 | 12,700 |
| | | **12,303,347** | **9,911,208** |

Is ionann na deontais atá sonraithe faoi Fho-Cheannteideal B.11 agus deontais bhliantúla na Leabharlainne Náisiúnta chun críche oibriúcháin lena n-áirítear pá, pinsin, caiteachas riaracháin agus cláir, bailiúcháin agus mionfheabhsú caipitil.



Deontas B.11 Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Reatha de €9,275,000 (2022: €9,205,000) atá sonraithe glan ar ranníocaíochtaí sochair scoir atá cothrom le €242,000 (2022: €236,000), €145,000 (2022: €139,000) aisíoctha leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i ndáil le Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise fhoireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus €97,000 (2022: €97,000) aisíoctha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i ndáil leis an scéim sochar scoir seirbhíse aonair.

**Cuimsíodh sna deontais ón gCiste Bonneagair agus Forbartha Cultúrtha (Fo-cheannteideal B.7):**

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Andrew agus Charlotte Bonar Law: Bailiúchán de Léarscáileanna agus de Phriontaí Topagrafacha d'Éirinn | 2,300,000 | - |
| Athshamhaltú na Leabharlainne Náisiúnta – Forbairt Chaipitil | 240,347 | 118,832 |
| An Ciste Digitithe | - | 96,676 |
| | **2,540,347** | **215,508** |

Aithníodh ioncam ar luach €2,300,000 (2022: €náid) i ndáil leis an ranníocaíocht a cuireadh ar fáil chun Andrew agus Charlotte Bonar Law: Bailiúchán de Léarscáileanna agus de Phriontaí Topagrafacha d'Éirinn a cheannach. Bronnadh an maoiniú sin ar bhonn réamh-mhaoinithe.

Aithníodh ioncam ar luach €240,347 (2022: €118,832) i ndáil leis an ranníocaíocht a cuireadh ar fáil d'Fhorbairt an Sciatháin Thiar a bheidh mar chuid d'oibreacha leanúnacha le hOifig na nOibreacha Poiblí. Bhí €7,050 (2022: €29,792) gan íoc ag deireadh na bliana agus tá sé san áireamh san Ioncam Fabhraithe i Nóta 13.

Tá deontais atá curtha ar fáil faoin gCiste Digitithe le húsáid chun tacú leis an Leabharlann Náisiúnta chun a bailiúcháin a dhigitiú agus chun rochtain ar líne a éascú agus tacú léi.

## 3. Bronntanais

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Ábhair Bhronnta | 234,050 | 48,000 |
| Bronntanais – Airgead | 6,415 | 1,000 |
| | **240,465** | **49,000** |

Caipitlítear bronntanais de mhíreanna bailiúcháin má tá luach €5,000 nó níos mó luaite leo de réir an Bheartais Bailiúcháin. I rith 2023, tugadh sé bhronntanas do Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne Náisiúnta a raibh luach €5,000 nó níos mó luaite leo agus tugadh bronntanas amháin do Bhailiúcháin Foilsithe na Leabharlainne Náisiúnta a raibh luach €5,000 nó níos mó luaite leis; tá na mionsonraí maidir leo sin le fáil i Nóta 8 (a). In 2022, tugadh ceithre bhronntanas do Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne Náisiúnta a raibh luach €5,000 nó níos mó luaite leo. Níor tugadh aon bhronntanas faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna leasú ag an Acht Airgeadais, 2002) i rith 2023 (2022: náid).

## 4. Ioncam Eile

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Seirbhísí Cóipeála | 40,996 | 39,476 |
| Dleachtanna agus Seirbhísí Atáirgthe | 22,093 | 22,680 |
| Ioncam Araltais | 29,195 | 51,453 |
| Costais Dhíreacha Araltais | (49,484) | (47,632) |
| Ioncam Ginealais | 6,700 | 5,994 |
| Deontas ón gComhairle Oidhreachta | 12,250 | 8,555 |
| Deontas ón gComhairle um Thaighde in Éirinn | - | 4,625 |
| Ioncam Miondíola Thaispeántas Heaney | 31,248 | 31,486 |
| Costais Mhíondíola Thaispeántas Heaney | (17,333) | (18,983) |
| Urraíocht | 200,000 | 206,000 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 30 | 359 |
| | **275,695** | **304,013** |

Aithníodh ioncam ar luach €200,000 (2022: €206,000) i ndáil le hurraíocht a chuir Banc na hÉireann ar fáil. Is ionann é sin agus ranníocaíocht an Bhainc chun cabhrú le hoibriú Thaispeántas na Leabharlainne Náisiúnta dar teideal Seamus Heaney: Éist Anois Arís. Tá an Taispeántas ar siúl in Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann ina áitreabh i bhFaiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2. Bhí €200,000 (2022: €206,000) gan íoc ag deireadh na bliana agus tá sé san áireamh i bhFéichiúnaithe i Nóta 13.

## 5. Luach Saothair

### (a) Sochair Fostaí Chomhiomlánaithe

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 5,395,773 | 5,276,514 |
| Sochair fhoirceanta | - | - |
| Costais sochair scoir | 2,007,000 | 2,086,000 |
| ÁSPC Fostóra | 473,305 | 458,545 |
| **Sochair Fostaí Chomhiomlánaithe** | **7,876,078** | **7,821,059** |

Bhí líon iomlán na mball foirne fostaithe (Coibhéisí Lánaimseartha nó CLAnna) ag deireadh na bliana cothrom le 108 (2022:101).



### (b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Bunphá | 5,273,885 | 5,163,522 |
| Ragobair | 17,023 | 9,491 |
| Liúntais | 104,865 | 103,501 |
| | **5,395,773** | **5,276,514** |

Bhí an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) foirne i gcomhair 2023 cothrom le €144,738 (2022: €138,869).

### (c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon sochar foirceanta in 2023 (2022: €náid).

### (d) Príomhphearsanra Bainistíochta

Páirteach i bPríomhphearsana Bainistíochta NLI tá Baill den Bhord agus den Fhoireann Ceannaireachta. Páirteach san Fhoireann Ceannaireachta tá an Stiúrthóir; an Leas-Stiúrthóir agus Ceann na nEastát; an Ceannasaí Acmhainní Daonna; an Ceannasaí Bailiúchán Foilsithe; Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta agus Príomh-Aralt na hÉireann; an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe; an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha; an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca; an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach agus an Ceannasaí Soláthair Seirbhíse. Ní íocann an Leabharlann táillí le baill an Bhoird. Tá eolas maidir le luach iomlán na sochar fostaí don phríomhphearsanra bainistíochta le fáil thíos:

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 866,882 | 833,373 |
| Liúntais | 21,322 | 7,364 |
| | **888,204** | **840,737** |

Ní chuimsítear ansin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Chomh maith leis sin, cuimsítear sa phacáiste luacha saothair do phríomhphearsanra bainistíochta socruithe caighdeánacha pinsin na hearnála poiblí agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí sa chomhthéacs sin téarmaí shamhailscéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí.

### (e) Luach Saothair an Stiúrthóra

Bhí pacáiste luacha saothair an Stiúrthóra leagtha amach mar seo a leanas don tréimhse airgeadais:

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Stiúrthóir (ceaptha i mí Feabhra 2023) | 104,757 | - |
| Stiúrthóir Gníomhach (ceaptha i mí Márta 2022, d'éirigh as a c(h)úraimí i mí Eanáir 2023) | 12,412 | 80,151 |
| Stiúrthóir (ceaptha i mí Lúnasa 2015, d'éirigh as a c(h)úraimí i mí Márta 2022) | - | 34,688 |
| | **117,169** | **114,839** |

Ní chuimsítear ansin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Chomh maith leis sin, cuimsítear sa phacáiste luacha saothair socruithe caighdeánacha pinsin na hearnála poiblí agus ní sháraíonn teidlíochtaí an Stiúrthóra sa chomhthéacs sin téarmaí shamhailscéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí. Ní bhaineann aon bhónas ná aon Sochar Comhchineáil leis an bpost seo.

### (f) Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaí

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaí de bhreis ar €60,000 catagóirithe mar seo a leanas:

| Raon na sochar fostaí iomlán | | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| Ó | | Go dtí | 2023 | 2022 |
| €60,000 | - | €69,999 | 8 | 9 |
| €70,000 | - | €79,999 | 14 | 14 |
| €80,000 | - | €89,999 | 2 | 3 |
| €90,000 | - | €99,999 | 3 | 2 |
| €100,000 | - | €109,999 | 1 | 1 |
| €110,000 | - | €119,999 | 0 | 0 |
| €120,000 | - | €129,999 | 0 | 0 |

Nóta: Chun críche an nochta seo, cuimsítear sna sochair fostaí ghearrthéarmacha a bhaineann le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, ragobair agus íocaíochtaí eile déanta thar ceann an fhostaí ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

## 6. Riarachán agus Oibríochtaí

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Caiteachas Taistil agus Cothaithe | 6(a) | 25,837 | 13,269 |
| Oiliúint agus Forbairt Foirne | | 62,030 | 26,682 |
| Caiteachas ar an mBeartas Éagsúlachta agus Ionchuimsithe | | 13,109 | 26,171 |
| Leictreachas, Glanadh agus Saoráidí | | 445,385 | 367,460 |
| Cumarsáid agus TF | | 499,340 | 361,164 |
| Slándáil | | 243,188 | 215,248 |
| Costais Sainchomhairleoireachta | 6(b) | 257,779 | 253,275 |
| Costais Oibriúcháin Ilghnéitheacha | | 37,209 | 26,304 |
| Costais Stórála | | 111,734 | 104,637 |
| Costais Oifige | | 58,281 | 53,460 |
| Deisiú agus Cothabháil | | 38,456 | 28,964 |
| Caillteanais Ráta Malairte Eachtraí | | 6,513 | 7,513 |
| Ús ar Íoc Pras | | 2,030 | 2,757 |
| Costais Seirbhíse Seachfhoinsithe | | 17,668 | 19,340 |
| Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | - | 15,164 |
| | | **1,818,559** | **1,521,408** |



### (a) Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar seo a leanas:

| | | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Baill Bhoird | Náisiúnta | 1,101 | 1,026 |
| | Baill Foirne | 6,622 | 2,276 |
| Baill Bhoird | Idirnáisiúnta | - | - |
| | Baill Foirne | 18,114 | 9,967 |
| | | **25,837** | **13,269** |

### (b) Costais Sainchomhairleoireachta

Cuimsítear sna costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar an bhfoireann bainistíochta agus ní chuimsítear ann feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe.

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Sainchomhairleoireacht | 107,362 | 112,691 |
| Airgeadas | 51,303 | 43,524 |
| Iniúchadh | 46,201 | 48,243 |
| - *Iniúchadh Seachtrach* | 23,000 | 23,000 |
| - *Iniúchadh Inmheánach* | 23,201 | 25,243 |
| Dlí | 17,424 | 30,854 |
| Aistriúchán | 35,489 | 17,963 |
| | **257,779** | **253,275** |

Níor tabhaíodh aon chostas dlí, socraíocht nó costais idir-réitigh agus eadráin i rith na bliana a bhain le conarthaí le tríú páirtithe.

## 7. Costais Sochair Scoir

### (a) Anailís ar na costais sochair scoir iomlána muirearaithe don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Ollchostas Seirbhíse Reatha | 875,000 | 1,783,000 |
| Costas Úis | 1,487,000 | 651,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | (355,000) | (348,000) |
| | **2,007,000** | **2,086,000** |

### (b) Gluaiseacht ar na glanoibleagáidí sochair scoir i rith na bliana airgeadais

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáid Sochair Shainithe Oscailte | 35,137,000 | 52,910,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 875,000 | 1,783,000 |
| Costas Úis | 1,487,000 | 651,000 |
| Caillteanas / (Gnóthachan) Achtúireach – Foshuíomhanna Airgeadais | 2,333,000 | (18,981,000) |
| Caillteanas / (Gnóthachan) Achtúireach – Taithí | 2,722,000 | (303,000) |
| Sochair Íoctha | (1,198,000) | (923,000) |
| **Oibleagáid Sochair Shainithe Dúnta** | **41,356,000** | **35,137,000** |

### (c) Maoiniú iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn an Bord na suimeanna sin mar shócmhainn atá ag comhfhreagairt leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir ar bhonn an tacair foshuíomhanna a ndearnadh cur síos orthu thuas agus roinnt teagmhas a tharla roimhe seo. I measc na dteagmhas sin tá an bonn reachtúil chun an scéim sochair scoir a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag freastal ar a leithéid de shuimeanna de réir an chleachtais reatha.

Tá sonraí le fáil thíos faoin nglanmhaoiniú iarchurtha do shochair scoir aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais sochair scoir na bliana reatha | 2,362,000 | 2,434,000 |
| Deontas stáit curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (1,198,000) | (923,000) |
| | **1,164,000** | **1,511,000** |

Tá an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir ag an 31 Nollaig 2023 cothrom le €41.4m (2022: €35.1m).

### (d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | **2023<br>€'000** | **2022<br>€'000** | **2021<br>€'000** | **2020<br>€'000** | **2019<br>€'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí Sochair Shainithe | 41,356 | 35,137 | 52,910 | 48,403 | 44,696 |
| (Caillteanais) / Gnóthachain ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime le Sochar Sainithe | (2,722) | 303 | (1,382) | 313 | 675 |
| Céatadán de Dhliteanais an Phlean | (6.6%) | 0.9% | (2.6%) | 0.6% | 1.5% |



### (e) Cur síos ginearálta ar na scéimeanna

Is socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe é scéim sochair scoir na Leabharlainne le sochair agus le ranníocaíochtaí atá sainithe trí thagairt a dhéanamh do rialacháin "shamhailscéim" reatha na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsin (1/80 don bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (3/80 don bhliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 65ú breithlá baill an ghnáthaois scoir, agus tá baill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 ar aghaidh. De ghnáth, méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Tá Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair) á reáchtáil ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann freisin agus is scéim pinsin le sochar sainithe atá ann do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 de réir Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Soláthraíonn an scéim pinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair gairme inphinsin agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliain d'aois an aois íosta pinsin (agus méadaíonn sí de réir athruithe ar aois an phinsin Stáit). Cuimsítear ann saoráid luathscoir atá laghdaithe go hachtúireach ó aois 55. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

Tá an luacháil a úsáideadh do nochtaí FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe i mí Meithimh 2024, ina gcuimsíodh ceanglais FRS chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ag an 31 Nollaig 2023.

**Seo a leanas na príomh-fhoshuíomhanna achtúireacha:**

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Boilsciú | 2.10% | 2.25% |
| Ráta an mhéadaithe fhadtéarmaigh ghinearálta ar thuarastail | 3.10% | 3.25% |
| Ráta an mhéadaithe ar shochair stáit | 2.60% | 2.75% |
| Ráta an mhéadaithe ar shochair iarchurtha | 2.60% | 2.75% |
| Méaduithe pinsin | 2.60% | 2.75% |
| Ráta lascaine do dhliteanais scéime | 3.60% | 4.20% |

**Básmhaireacht**

Ceadaíonn an bonn básmhaireachta go sainráite d'fheabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbraithfidh ionchas saol ag an aois scoir ar an mbliain ina sroicheann ball an aois scoir. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a bhíonn 65 in 2023 agus 2043.

| **An bhliain a raibh an duine 65** | **2023** | **2043** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fear | 87.1 | 89.3 |
| Ionchas saoil – bean | 89.4 | 91.4 |

## 8. Cláir

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Bailiúcháin Speisialta** | | | *Athrangaithe* |
| Míreanna Faighte don Bhailiúchán Speisialta | 8(a) | 123,755 | 106,830 |
| Tionscadal Catalógaithe | | 65,434 | 123,364 |
| Caomhnú | | 65,103 | 90,208 |
| | | **254,292** | **320,402** |
| **Bailiúcháin Fhoilsithe** | | | |
| Míreanna Faighte do Bhailiúcháin Fhoilsithe | 8(a) | 216,290 | 209,026 |
| Próiseáil agus Ceangal | | 5,502 | 4,915 |
| Scéim Meantóireachta Fiontar na Comhairle um Thaighde in Éirinn | | 5,448 | - |
| | | **227,240** | **213,941** |
| **Soláthar Seirbhíse** | | | |
| Seirbhísí do Léitheoirí | | 93,051 | 74,977 |
| Seirbhísí um Stair Theaghlaigh | | 6,076 | 3,383 |
| | | **99,127** | **78,360** |
| **Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú** | | | |
| Taispeántas Heaney – *'Éist Anois Arís'* | | 65,542 | 84,151 |
| Cláir Phoiblí, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht | | 63,076 | 43,848 |
| Taispeántais Eile | | 22,539 | 54,306 |
| *Taispeántas William Butler Yeats* | | 8,704 | 9,430 |
| | | **159,861** | **191,735** |
| **Araltas** | | | |
| Ábhair Araltais | | 3,898 | 5,507 |
| | | **3,898** | **5,507** |
| **Bailiúcháin Dhigiteacha** | | | |
| Digitiú | | 106,937 | 68,570 |
| Trealamh agus Cothabháil Leabharlainne | | 14,247 | 13,216 |
| Bailiúcháin Digitghinte | | 7,971 | 15,946 |
| | | **129,155** | **97,732** |
| **Oifig Forbartha** | | | |
| Cumarsáid, Caidreamh Poiblí agus Cur Chun Cinn | | 314,917 | 448,766 |
| | | **314,917** | **448,766** |
| **Tionscadal Tógála Forbartha Caipitil** | | | |
| Costais In-aisíoctha Athshamhaltú na Leabharlainne Náisiúnta | | 149,051 | 118,951 |
| | | **149,051** | **118,951** |
| | | **1,337,541** | **1,475,394** |



## (a) Míreanna Faighte

| | Nóta | 2023 € |
|---|---|---|
| **Míreanna faighte do Bhailiúcháin Speisialta arna maoiniú tríd an Deontas Reatha** | | |
| ♦ Lámhscríbhinní | | 72,409 |
| ♦ Ábhar Gearrshaolach | | 29,572 |
| ♦ Priontaí agus Líníochtaí | | 18,730 |
| ♦ Grianghraif | | 3,044 |
| | | **123,755** |
| **Míreanna faighte do Bhailiúcháin Fhoilsithe tríd an Deontas Reatha** | | |
| ♦ Leabhair | | 109,008 |
| ♦ Seanleabhair agus Leabhair Neamhchoitianta | | 90,264 |
| ♦ Nuachtán | | 11,791 |
| ♦ Tréimhseacháin | | 5,227 |
| | | **216,290** |
| **Míreanna faighte do Bhailiúcháin Speisialta trí Dheontas Caipitil** | | |
| ***Lámhscríbhinní*** | | |
| ♦ Cartlann Michael Collins – Susan Killeen, 1915-1920 | | 162,500 |
| ♦ Cartlann O'Brien Press | | 104,987 |
| ♦ Litreacha ó Samuel Beckett chuig Marcel Mihalovici, 1960-1963 | | 25,550 |
| ♦ Litreacha ó W.B. Yeats chuig Elizabeth Radcliffe, 1913-1917 | | 21,292 |
| ♦ Litreacha ó Samuel Beckett chuig Édith Fournier, 1962-1978 | | 21,010 |
| ♦ Litreacha ó Austin Clarke chuig Margaret Barrington, ca.1938-1969 | | 17,266 |
| ♦ Páipéir Sheáin Ó Mordha (2023) | | 13,500 |
| ♦ Litreacha ó Samuel Beckett chuig Stefan Wigger, 1972-1989 | | 12,898 |
| ♦ Litreacha Maria Edgeworth, 1818-1831 | | 11,794 |
| ♦ Iris an Chogaidh Chriméigh, Captaen Walter Nugent, 1854-1855 | | 10,447 |
| ♦ Litir Louis Pasteur, 1892 | | 8,967 |
| ♦ Cartlann Chuntaois Markievicz – Fhianna Éireann | | 8,125 |
| ♦ W.B. Yeats: Celtic Twilight (1905) le litreacha chuig Winifred Letts | | 8,124 |
| ♦ Litreacha ó Roger Casement chuig Max W. Karstensen agus míreanna gaolmhara, ca. 1915-1921 | | 6,759 |
| | 12(f) | **433,219** |
| **Míreanna faighte do Bhailiúcháin Speisialta trí Dheontas Caipitil *Amhairc*** | | |
| ♦ Andrew agus Charlotte Bonar Law: Bailiúchán de Léarscáileanna agus de Phriontaí Topagrafacha d'Éirinn | | 2,300,000 |
| ♦ Cartlann Chris Judge | | 17,025 |
| ♦ Albaim Frances de la Poer | | 14,962 |
| ♦ Cartlann Margaret Anne Suggs – Pigín of Howth | | 7,300 |
| ♦ Albam Theaghlach Coote | | 6,700 |
| ♦ Graphic Studio Dublin – Ulysses Imagined, 2022 | | 6,200 |
| | 12(f) | **2,352,187** |

| | Nóta | 2023 € |
|---|---|---|
| **Bailiúcháin Speisialta faighte mar bhronntanas** | | |
| ♦ Cartlann McCabe – Heaney | | 175,000 |
| ♦ Cartlann Val Mulkerns | | 20,000 |
| ♦ Cartlann Brendan Lehane | | 15,000 |
| ♦ Cartlann Margaret Anne Suggs – A Chocolate in My Pocket | | 6,000 |
| ♦ Litreacha ón bhfile Michael Hartnett chuig an Dr James Finucane, 1961 | | 6,000 |
| ♦ Páipéir Stiofáin Ó hAnnracháin | | 5,050 |
| | 12(f) | **227,500** |
| **Míreanna faighte do Bhailiúcháin Fhoilsithe trí Dheontas Caipitil** | | |
| ***Priontáilte*** | | |
| ♦ Synge, John Millington. Poems and Translations. [Brollach le W.B. Yeats]. Nua-Eabhrac: Priontáilte do John Quinn, 1909 | | 12,774 |
| ♦ Synge, John Millington. Deirdre of the Sorrows. [Brollach le W.B. Yeats]. Nua-Eabhrac: Priontáilte do John Quinn, 1910 | | 12,774 |
| ♦ Cartlann O'Brien Press – Leabhair | | 7,500 |
| ♦ Donne, John. Poems & C. with elegies on the author's death. 1669 | | 5,667 |
| | 12(f) | **38,725** |
| **Bailiúcháin Fhoilsithe faighte mar bhronntanas** | | |
| ♦ Bailiúchán leabharlann theaghlach La Touche | | 7,000 |
| | 12(f) | **7,000** |
| **Míreanna faighte do Bhailiúcháin Dhigiteacha maoinithe trí Dheontas Caipitil** | | |
| ♦ Cartlannú Gréasáin | | 41,637 |
| | 12(f) | **41,637** |
| **Míreanna Iomlána Faighte** | | **3,439,863** |

Mar a míníodh i Nóta 1(h) tá sócmhainní oidhreachta faighte/bronnta ó bunaíodh an Bord in 2005 san áireamh sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Ní raibh bailiúcháin reatha na Leabharlainne Náisiúnta ag an dáta bunaithe dílsithe sa Bhord – bhí siad fós dílsithe sa Stát. Tá an Bord den tuairim go bhfuil luacháil na mbailiúchán sin nó cinneadh a dhéanamh maidir lena gcostas bunaidh neamhphraiticiúil agus nach soláthródh a leithéid, in aon chás, faisnéis atá ábhartha nó úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar a mhaoirseacht ar na bailiúcháin.

Tá luach íseal luaite le formhór na míreanna a fuarthas do na bailiúcháin ina n-aonar, cosúil le leabhair, nuachtáin agus tréimhseacháin. Faightear ábhair foilsithe in Éirinn trí thaisce dhlíthiúil de réir fhorálacha Alt 198 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú). Faightear ábhair a fhoilsítear in áiteanna eile trína gceannach nó mar bhronntanas de réir Bheartas Forbartha Bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Cuimsítear ansin ábhair foilsithe i dTuaisceart Éireann mar aon le hábhair foilsithe thar lear lena mbaineann spéis Éireannach de réir cheanglais Alt 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Tá eolas maidir le Bailiúcháin i rith 2023 le fáil sa tábla thuas, ina ndéantar idirdhealú idir caiteachas muirearaithe chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe i ndáil le míreanna aonair lena mbaineann luach níos lú ná €5,000 – a thaispeántar de réir cineáil – agus caiteachas ar mhíreanna caipitlithe nó tionscadail dhigiteacha lena mbaineann luach de €5,000 nó níos mó – atá miondealaithe.



## 9. Gealltanais

Ní raibh aon ghealltanas conarthach i bhfeidhm ag an 31 Nollaig 2023 (2022: dada).

## 10. Cuntas Caipitil

### (a) Sócmhainní Oidhreachta

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Ag an 1 Eanáir | 28,457,252 | 28,122,010 |
| Aistriú ó/(chuig) an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | |
| Chun Sócmhainní Oidhreachta faighte a mhaoiniú | 2,865,768 | 287,242 |
| Sócmhainní Oidhreachta bronnta | 234,050 | 48,000 |
| | 3,099,818 | 335,242 |
| **Ag an 31 Nollaig (Nóta 12 (f))** | **31,557,070** | **28,457,252** |

### (b) Sócmhainní Seasta Oibriúcháin

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Ag an 1 Eanáir | 507,156 | 811,815 |
| Aistriú ó/(chuig) an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | |
| Chun ceannacháin Sócmhainní Seasta a mhaoiniú | 195,059 | 53,459 |
| Amúchadh de réir dímheas sócmhainní | (364,260) | (342,954) |
| Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta | - | (15,164) |
| | (169,201) | (304,659) |
| **Ag an 31 Nollaig (Nóta 11)** | **337,955** | **507,156** |

## 11. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh TF € | Trealamh € | Troscán agus Daingneáin € | Taispeántais atá ag Feidhmiú nó atá á dtógáil € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 990,751 | 1,005,275 | 809,500 | 1,496,015 | **4,301,541** |
| Breiseanna | - | 182,222 | 12,837 | - | **195,059** |
| Diúscairtí | - | (23,985) | - | - | **(23,985)** |
| **Ag an 31 Nollaig** | **990,751** | **1,163,512** | **822,337** | **1,496,015** | **4,472,615** |
| Dímheas | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 933,586 | 898,570 | 738,217 | 1,224,012 | **3,794,385** |
| Diúscairtí | - | (23,985) | - | - | **(23,985)** |
| Muirear don bhliain | 23,108 | 55,430 | 13,719 | 272,003 | **364,260** |
| **Ag an 31 Nollaig** | **956,694** | **930,015** | **751,936** | **1,496,015** | **4,134,660** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 57,165 | 106,705 | 71,283 | 272,003 | **507,156** |
| Glanghluaiseacht don bhliain | (23,108) | 126,792 | (882) | (272,003) | (169,201) |
| **Ag an 31 Nollaig** | **34,057** | **233,497** | **70,401** | **-** | **337,955** |

### (a) Nóta faisnéise ginearálta

Cuimsítear i gcostas nó luacháil ag tús agus ag deireadh na bliana sócmhainní faighte i gcomhair níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2022.

Cuimsítear i mbreiseanna trealaimh de €182,222 suim de €91,296 a maoiníodh trí an gCiste Bonneagair agus Forbartha Cultúrtha (Fo-cheannteideal B.7).

### (b) Taispeántais atá ag feidhmiú nó atá á dtógáil

Baineann an iarmhéid taispeántas atá ag feidhmiú nó atá á dtógáil amhail ag an 31 Nollaig 2023 le taispeántas na Leabharlainne Náisiúnta dar teideal Seamus Heaney: Éist Anois Arís a seoladh ar an 4 Iúil 2018. Is tionscadal comhoibríoch é seo idir NLI, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Banc na hÉireann. Tá an taispeántas ar siúl in Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann i bhFaiche an Choláiste agus beidh sé ar siúl go dtí mí na Nollag 2025, i ndiaidh cead a fháil in 2023 chun síneadh a chur leis an taispeántas ó mhí na Nollag 2023 go dtí mí na Nollag 2025. Beidh luach ionchais de réir na leabhar atá ar na míreanna seo cothrom le €náid nuair a bheidh an taispeántas críochnaithe. Tá saolré an taispeántais teoranta agus dímheastar sócmhainní gaolmhara thar a saolréanna ionchais measta nó thar shaolré ionchais an taispeántais, cibé acu is giorra.



## 12. Sócmhainní Oidhreachta

### (a) Faisnéis Ghinearálta

De réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, is maoin de chuid an Stáit iad gach Bailiúchán Leabharlainne agus déanann Bord na Leabharlainne iad a bhainistiú.

- Is iad príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne ábhar leabharlainne i mbailiúchán na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus a fhorbairt ar mhaithe leis an bpobal; taifead den ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhaineann le hÉirinn a bhunú agus a chothabháil; agus cur le rochtain a sholáthar do bhaill den phobal ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.
- Tá an chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bailiúcháin na Leabharlainne a mhéadú.
- Chomh maith leis sin, tá an chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábhair a thabhairt ar iasacht, faoi réir fhorálacha Alt 18 (1) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Tá an chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann freisin ábhair leabharlainne a dhiúscairt faoi réir fhorálacha Alt 18 (2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Tá gach mír faighte don bhailiúchán a cheannaítear i gcomhair níos mó ná €5,000 maoinithe ó leithdháileadh maoinithe chaipitil na Leabharlainne don bhliain agus tá míreanna faighte a chosnaíonn níos lú ná €5,000 maoinithe ón leithdháileadh maoinithe reatha.

### (b) Cineál agus Scála an Bhailiúcháin

Is ionann stoc na Leabharlainne Náisiúnta agus an bailiúchán is cuimsithí d'ábhar doiciméadach Éireannach ar domhan agus tugtar léargas luachmhar ann ar stair agus ar oidhreacht na hÉireann.

Tá struchtúr bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta bunaithe ar trí shnáithe ghinearálta d'fhócas bailithe, agus tá Coimeádaí nó Ceannasaí Rannáin freagrach as gach ceann acu, mar seo a leanas:

- Bailiúcháin Speisialta
- Bailiúcháin Fhoilsithe
- Bailiúcháin Dhigiteacha

**Bailiúcháin Speisialta**

Cuimsítear sna Bailiúcháin Speisialta ábhar neamhchoitianta uathúil cosúil le lámhscríbhinní, grianghraif, priontaí, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, léarscáileanna lámhscríofa agus ceol. Cuimsítear ann na mílte míreanna, mar shampla, breis is 4.5 milliún mír sna bailiúcháin ghrianghrafadóireachta agus breis is aon mhilliún mír sa bhailiúchán lámhscríbhinní.

**Bailiúcháin Fhoilsithe**

Cuimsítear sna Bailiúcháin Fhoilsithe leabhair nua agus nua-aimseartha, seanleabhair agus leabhair neamhchoitianta, nuachtáin agus tréimhseacháin. Ceann de na príomhbhailiúcháin sna Bailiúcháin Fhoilsithe ná an Bailiúchán Taisce Dlíthiúla a áirítear ann gach ábhar – leabhair, nuachtáin agus irisí foilsithe in Éirinn – faighte faoi fhorálacha Taisce Dlíthiúla an Achta Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú).

**Bailiúcháin Dhigiteacha**

Cuimsítear sna Bailiúcháin Dhigiteacha oibiachtaí digiteacha cruthaithe ag an Leabharlann Náisiúnta mar thoradh ar dhigitiú ábhair ó Bhailiúcháin Speisialta agus ó Bhailiúcháin Fhoilsithe (acmhainní nua) mar aon leis na míreanna ar a dtugtar míreanna "Digitghinte", cosúil le suíomhanna gréasáin nach raibh ar fáil in aon fhormáid seachas i bhformáid dhigiteach.

### (c) Fáil Míreanna

Tá an chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta a mhéadú agus faightear ábhar ar thrí bhealach: trí thaisce dhlíthiúil, mar bhronntanas agus trína cheannach.

**Taisce Dhlíthiúil**

Is foráil reachtúil í taisce dhlíthiúil a chuireann oibleagáid ar fhoilsitheoirí cóipeanna dá bhfoilseacháin a chur i dtaisce i leabharlanna áirithe, go hiondúil sa tír ina bhfoilsítear iad. I bPoblacht na hÉireann tá an fhoráil reachtúil do thaisce dhlíthiúil leagtha amach san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú).

**Bronntanas**

Gach bliain, faigheann an Leabharlann Náisiúnta bronntanais thábhachtacha lena gcur leis na bailiúcháin. Tá bronntanais faoi réir measúnaithe de réir na gcritéar atá leagtha amach i mBeartas Forbartha Bailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta.

I gcásanna áirithe – mar a fhoráiltear faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 – is féidir le bronntóirí tairbhe a bhaint as faoiseamh cánach má bhronnann siad míreanna oidhreachta ar an Leabharlann Náisiúnta. D'fhéadfaí an faoiseamh sin a fháil i ndáil le bronntanais nó "míreanna oidhreachta" cosúil le cartlanna, leabhair, taifid eastáit, lámhscríbhinní agus priontaí sa chás go sáraíonn luach iomlán na míreanna bronnta €150,000.

**Ceannach**

Úsáidtear buiséad na Leabharlainne Náisiúnta chun míreanna a fháil chun bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta a fhorbairt tuilleadh, cibé acu trína gceannach go díreach nó trí cheant. Déantar cinntí maidir le seanábhar agus míreanna oidhreachta uathúla a cheannach de réir na gcritéar atá leagtha amach i mBeartas Forbartha Bailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta. Is gnách foilseacháin reatha agus nua lena mbaineann spéis Éireannach, nach bhfaightear faoi thaisce dhlíthiúil, a cheannach.

### (d) Caomhnú

Cuireann an Rannóg Caomhnaithe obair i gcrích chun bailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chaomhnú. Go ginearálta, ní fheabhsaíonn bearta caomhnaithe an bhail atá ar rud, seachas sin cuireann siad moill ar dhíghrádú agus coisceann siad damáiste trí mhodhanna éighníomhacha. I gcodarsnacht leis sin, tá sé mar aidhm ag an gcaomhnú fad a chur le saol agus inrochtaineacht bailiúchán trí chóireálacha idirghabhálacha; is minic a fheabhsaíonn na cóireálacha sin bail fhisiciúil, cheimiceach agus amhairc ruda.

Mar aon le cóireáil chaomhnaithe rudaí neamhchoitianta agus uathúla, díríonn na caomhnóirí ar raon leathan beart chun rioscaí damáiste do na bailiúcháin a laghdú. I measc na ngníomhaíochtaí sin tá tacú le baill foirne agus oiliúint ar chur orthu maidir le gach gné de chúram agus de bhainistíocht bailiúchán lena n-áirítear láimhseáil, measúnú ar bhail, suirbhéireacht, athchóiríocht agus úsáid a bhaint as cur chuige céimnithe boscaí. Chomh maith leis sin, ullmhaíonn caomhnóirí míreanna do thaispeántas, do dhigitiú agus d'iasacht do thaispeántas.

### (e) Diúscairt

Tá an chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta freisin ábhair leabharlainne a dhiúscairt de réir fhorálacha Alt 18(2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. De ghnáth, ní dhéanann an Leabharlann Náisiúnta ábhar ó na bailiúcháin a dhiúscairt.



### (f) Anailís ar Mhíreanna Faighte

Mar atá mínithe sna Beartais Chuntasaíochta (Nóta 1, (h)), aithníonn an Leabharlann Náisiúnta gach Sócmhainn Oidhreachta (lena mbaineann luach aonair de níos mó ná €5,000) ceannaithe nó faighte ó 2005. Tugtar a leithéid de shócmhainní anonn ag a gcostas, le coigeartú bearnúcháin más gá. Tá eolas maidir leis na hidirbhearta a bhaineann le 2023 agus na ceithre thréimhse chuntasaíochta roimhe sin le fáil thíos.

| | Lámhscríbhinní | Digiteach | Amhairc | Priontáilte | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas nó Luacháil:** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 20,235,976 | 3,377,069 | 3,079,844 | 1,764,363 | 28,457,252 |
| Ceannacháin | 433,219 | 41,637 | 2,352,187 | 38,725 | 2,865,768 |
| Ábhair Bhronnta | 227,050 | - | - | 7,000 | 234,050 |
| **Ag an 31 Nollaig** | **20,896,245** | **3,418,706** | **5,432,031** | **1,810,088** | **31,557,070** |

### (g) Achoimre Airgeadais Cúig Bliana ar Idirbhearta Sócmhainní Oidhreachta

| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Breiseanna** | | | | | |
| Lámhscríbhinní | 660,269 | 167,671 | 872,793 | 696,949 | 1,156,576 |
| Digiteach | 41,637 | 75,834 | 80,026 | 94,631 | 91,484 |
| Amhairc | 2,352,187 | 61,680 | 88,300 | - | - |
| Priontáilte | 45,725 | 30,057 | 10,565 | 30,482 | 6,086 |
| | **3,099,818** | **335,242** | **1,051,684** | **822,062** | **1,254,146** |

## 13. Infháltais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 151,016 | 144,579 |
| Ioncam Fabhraithe (Nóta 2) | 7,050 | 29,792 |
| Féichiúnaithe | 237,650 | 243,472 |
| | **395,716** | **417,843** |

## 14. Míreanna Iníoctha

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhrú | 284,927 | 367,518 |
| Ioncam Iarchurtha | 105,756 | - |
| Cánachas agus Leas Sóisialach | 168,007 | 171,244 |
| Creidiúnaithe Trádála | 154,022 | 199,606 |
| | **712,712** | **738,368** |

## 15. Nochtaí Páirtí Gaolmhar

Féach ar Nóta 5 más spéis leat miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an bpríomhfhoireann bainistíochta.

Glacann an Leabharlann Náisiúnta le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta bhaill an Bhoird. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta deontais a cheadú nó páirt a ghlacadh i socruithe conarthacha eile le heintitis ina bhfuil baill Bhord na Leabharlainne Náisiúnta fostaithe nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile.

Bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas), cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, chun cabhrú le forbairt Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus chun leabhair phriontáilte, lámhscríbhinní agus ábhar eile a fháil, atá forbartha ag daoine de bhunadh na hÉireann nó a bhaineann le hÉirinn. Is páirtithe gaolmhara iad an Leabharlann Náisiúnta agus an tIontaobhas de bhrí gur baill reatha de Bhord nó d'fhoireann bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta iad formhór na nIontaobhaithe. Tá Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann á rialú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Ullmhaíonn an tIontaobhas ráitis airgeadais bhliantúla ar a ndéanann gnólacht d'iniúchóirí tráchtála iniúchadh. Baineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí atá le fáil leis an mbliain dar críoch an 30 Aibreán 2023 ina dtaifeadtar caiteachas de €4,433 (2022: €5,295); ioncam de €náid (2022: €náid); agus cúlchistí ioncaim coinnithe/glansócmhainní de €460,461 (2022: €464,894). Ní dhearnadh aon idirbheart idir an tIontaobhas agus an Leabharlann Náisiúnta i rith 2023.

## 16. Comparáidí

Rinneadh figiúirí comparáideacha áirithe a athghrúpáil agus a athrangú ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha.

## 17. Dliteanais Theagmhasacha

Tá NLI páirteach in éileamh díobhála pearsanta atá á láimhseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Tá suim curtha ar fáil i bhFabhrú i Nóta 14 i ndáil leis an éileamh sin. Níl aon sonraí breise curtha ar fáil ar mhaithe lena chinntiú nach ndéantar dochar mór do sheasamh NLI san éileamh.

## 18. Teagmhais i nDiaidh na Tréimhse Tuairiscithe

Cuireadh iarratas NLI chun clárú mar charthanas leis an Rialálaí Carthanas i gcrích agus nuashonraíodh an Clár Poiblí Carthanas ar an 19 Eanáir 2024. Is í Uimhir Charthanais Chláraithe NLI 20206624.

Ar an 10 Bealtaine 2024, cheap an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, Michael Diviney, an Dr Brian Lang agus Genevieve Wyeth mar bhaill de Bhord na Leabharlainne Náisiúnta. Rinneadh na ceapacháin de réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 agus is téarma cúig bliana atá luaite leo.

Níor tharla aon teagmhas eile idir an dáta tuairiscithe agus dáta ceadaithe eisiúint na ráiteas airgeadais seo, a cheanglaíonn na ráitis airgeadais a athrú.

## 19. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann na ráitis airgeadais ar an 29 Lúnasa 2024.

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) leabharlann taifid na hÉireann. Bunaíodh an leabharlann sa bhliain 1877 agus bainimid leas as na bailiúcháin faoi leith atá againn le scéal na hÉireann a chur os comhair an phobail ar fud an domhain. Tá breis agus dhá mhilliún mír déag faoinár gcúram, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, léaráidí, earraí inbhailithe, ceol agus meáin dhigiteacha. Bíonn an leabharlann ar oscailt, saor ó tháille, dóibh siúd ar mian leo féachaint ar na bailiúcháin.

Is iad na cúig thosaíocht straitéiseacha atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don tréimhse 2022-2026 ná bailiú, cosaint, nochtadh, rannpháirteachas agus nuáil.

Tá eolas breise ar fáil ar www.nli.ie

Is féidir NLI a leanúint ar

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*
National Library of Ireland